



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curacláim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Cáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar Stair na hArdteistiméireachta

Nollaig 2024

An Clár Ábhar

| | |
|--|----|
| RÉAMHRÁ | 3 |
| 1. CÚLRA AGUS COMHTHÉACS..... | 4 |
| 2. STAIR SA CHURACLAM | 7 |
| 3. LÉARGAS Ó CHUAIRTEANNA AR SCOILEANNA | 11 |
| 4. TREOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA SAN OIDEACHAS STAIRE..... | 15 |
| 5. CEISTEANNA A BHFUIL MACHNAMH LE DÉANAMH ORTHU | 21 |
| 6. TREOIR DON ATHBHREITHNIÚ AR STAIR NA HARDTEISTIMÉIREACHTA..... | 24 |
| AGUISÍN 1: PARAIMÉADAIR UILEGHABHÁLACHA LE HAGHAIDH CEAPADH SOCRUITHE MEASÚNAITHE I BHFORBAIRT NA SONRAÍOCHTAÍ DO GACH ÁBHAR I DTRÁINSE 3. | 26 |
| TAGAIRTÍ..... | 34 |

Réamhrá

Foilsíodh an tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM 2022a) i mí an Mhárta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna curaclaim atá ann cheana – ábhair, modúil agus cláir. I mí an Mhárta 2022, d'iarr an tAire Oideachais ar CNCM tabhairt faoi shraith gníomhartha chun tacú lena fíis i leith sraith shinsearach athfhorbartha a chur i gcrích mar a leagtar amach in [Cothromas agus Sármhaitheas do Chách](#) (An Roinn Oideachais, 2022). Príomhghníomh amháin a leagadh amach sa phlean seo ná go n-ullmhófar sceideal d'ábhair agus modúil na sraithe sinsearaí lena n-athfhorbairt agus go gcuirfí faoi bhráid an Aire é lena fhaomhadh.

D'ullmhaigh CNCM sceideal ábhar le hathbhreithniú ina dhiaidh sin, agus eagraíodh na hábhair sin i roinnt tráinse. Áirítear an athfhorbairt ar Stair i dTráinse 3, a thabharfar chun críche in 2026 lena thabhairt isteach i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2027.

Cuirtear comhthéacs ar fáil sa pháipéar seo le haghaidh an athbhreithnithe ar Stair agus rinne tuairimí na múinteoirí, ceannairí scoile agus scoláirí eolas dó, tuairimí a bailíodh trí chuartheanna scoile a rinneadh i sampla ionadaíoch de scoileanna.

Cuirtear tús leis an gcáipéis seo le machnamh ar chúlra na Staire sa churaclam, agus dearcadh ar an gcomhthéacs reatha á chur i láthair i gCuid 1, lena n-áirítear machnamh ar fhorbairtí ábhartha le déanaí. I gCuid 2 leagtar amach an chaoi a bhfreastalaítear faoi láthair ar oideachas staire laistigh de churaclam na hÉireann, agus cuirtear forléargas ar fáil i gCuid 3 ar na léargas a fuarthas trí chuartheanna scoile a rinneadh agus tríd an taithí saoil a bhíonn ag scoileanna, múinteoirí, agus scoláirí. I gCuid 4 meastar deiseanna oideachais comhchosúla i dtíortha eile agus cuirtear forbheathnú i láthair ar cheithre dhlínse dhifriúla. I gCuid 5 tarraingítear ar na trí chuid roimhe sin chun roinnt saincheisteanna a chatagóiriú agus a phlé go hachomair, ar saincheisteanna iad a sainathnódh lena mbreithniú in athfhorbairt Stair na hArdteistiméireachta roimh threoir bheartaithe a leagan amach ar deireadh le haghaidh na hoibre sin i gCuid 6, rud a threoróidh obair na meithle forbartha.

1. Cúlra agus Comhthéacs

Leagtar amach sa chuid seo cuid de na forbairtí suntasacha san oideachas staire le fiche bliain anuas. Tugtar breac-chuntas inti freisin ar na tionscnaimh agus na forbairtí beartais is ábhartha a rinneadh le deich mbliana anuas i réimse an oideachais, arb iad is ábhartha maidir leis an athbhreithniú ar Stair na hArdteistiméireachta.

Tugadh isteach siollabas reatha Stair na hArdteistiméireachta i mí Mheán Fómhair 2004, in áit siollabas a bhí ar an bhfód ó 1969. Príomhghné den siollabas athbhreithnithe ab ea an bhéim láidir a leagadh ar thacú leis an scoláire a thuiscint ar an stair mar dhisciplín a fhorbairt. Bhain sé sin le tuiscint a fháil ar obair an staraí agus tuiscint a fháil ar na príomhchoincheapa a thacaíonn le fiosrú dian oibiachtúil stairiúil.

Leagtar amach sa siollabas reatha mar phrionsabal bunúsach:

'...ba cheart breathnú ar staidéar na staire mar iniúchadh ar ar tharla do staraithe, bunaithe ar fhiosrúchán faoin bhfianaise atá ar fáil' (ROS, 2003, lch 8). Leagann an siollabas reatha béim ar nádúr sealadach an eolais stairiúil agus féachann le rannpháirtíocht a spreagadh le 'cineálacha éagsúla foinsí stairiúla amhail cuntais finné súl, taifid phoiblí, beathaisnéisí, litreacha, léarscáileanna, grianghraif agus cartúin pholaitiúla', (ROS, 2003, lch 10). Léirítear an bhéim ar chineálacha éagsúla fianaise leis an riachtanas go mbreathnaíonn an scoláire go criticiúil ar an am atá caite ó pheirspictíochtaí éagsúla agus go bhforbraíonn siad an cumas chun: 'breathnú ar cheist achrannach nó chonspóideach ó níos mó ná dearcadh amháin' (ROS, 2003, lch 13).

Chuir an smaointeoireacht a bhí mar bhonn agus taca ag siollabas athbhreithnithe na hArdteistiméireachta bonn eolais freisin faoi fhorbairt shonraíocht Stair na Sraithe Sóisearaí a tugadh isteach i scoileanna in 2018. Go suntasach, níorbh fhada go raibh cinneadh déanta ag an Aire Oideachais, Joe McHugh TD, 'stádas croí-ábhar' a thabhairt don ábhar, rud a d'fhágfadh go mbeadh ar gach scoláire a bheadh ag dul isteach sa chéad bhliain sa bhliain acadúil 2020/21 staidéar a dhéanamh ar an tsonraíocht. Chomh maith le stádas croí-ábhar a thabhairt don stair, iarradh ar CNCM gearrchúrsa sa Stair a fhorbairt a bheadh ailínithe go ginearálta le Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Is díol suntas é gur le linn bhlianta tosaigh Dheich mBliana na gCuimhneachán agus an tráchttaireacht ón phobal ar fad a bhí mar bhonn eolais ag an díospóireacht a tugadh 'stádas croí-ábhar' don stair, tráth a raibh rannpháirtíocht chriticiúil á cur chun cinn ag an stát, lena n-áirítear ar leibhéal na scoile, leis na himeachtaí stairiúla ceannródaíochta idir 1912 agus 2022 as ar eascair bunú an stáit. Chuir Sainghrúpa clár oifigiúil comórtha i bhfeidhm. Tacaíodh leis an bplé athnuaite sin faoin tréimhse réabhlóideach in Éirinn trí phríomhábhar cartlainne a oscailt, ina measc Bailiúchán Ráitis Fhinnéithe Bhiúró na Staire Míleata agus Bailiúchán Pinsean na Seirbhísí Míleata. Forbairt shuntasach churaclaim eile in 2016 ba ea Polaitíocht agus an tSochaí a thabhairt isteach i gcuraclam na hArdteistiméireachta mar ábhar faoi leith.

Ó thaobh beartais níos leithne de, leagadh béim le fada ar thábhacht na Staire ar leibhéal na hEorpa, go háirithe i gcomhthéacs coincheap na saoránachta a fheabhsú agus luachanna daonlathacha a chur chun cinn. Forbairt shuntasach le déanaí is ea bunú na Faireachlainne ar Theagasc na Staire san Eoraip (OHTE), faoi choimirce Chomhairle na hEorpa. Is é an misean atá aige oideachas staire d'ardchaighdeán a chur chun cinn d'fhonn tuiscint an chultúir dhaonlathaigh a fheabhsú. Tugann an Fhaireachlann léargas soiléir ar staid an teagaisc staire ina ballstáit,

bunaithe ar shonraí faoin gcaoi a múintear an stair, trí thuarascálacha ginearálta agus téamacha. Admhaíonn an Fhaireachlann go scríobhtar na Staire nuair a bhíonn géarchéimeanna á dtarlú agus díríonn ar conas is féidir leis an gcine daonna iad a shárú agus na ceachtanna riachtanacha a fhoghlaim. Leis an gcéad dá thuarascáil théamacha a dhíríonn ar 'Phaindéim agus ar Thubaistí Nádúrtha' agus ar 'Ghéarchéimeanna Eacnamaíocha' tá an Fhaireachlann tar éis a haird a dhíriú cheana féin ar an staidéar ar an gcaoi a léirítear na géarchéimeanna seo i gcuraclaim staire agus seomraí ranga na mballstát.

Léiríonn dhá fhorbairt shuntasacha eile i réimse an churaclaim tábhacht stair na scoile agus an ról atá aici maidir le dul i ngleic le hábhair imní na sochaí. I mí an Mhárta 2023, d'fhoilsigh CNCM a 'Thuarascáil Taighde ar chultúr agus stair an Lucht Siúil'. Forbraíodh an tuarascáil le hachóimre a thabhairt ar a bhfuil ar eolas faoi láthair, ar gach rud a thuigtear faoi láthair agus ar an méid a taifeadh maidir le gnéithe éagsúla de chultúr agus stair an Lucht Siúil. Bhí an tuarascáil suntasach chun aghaidh a thabhairt ar stair grúpa eitnigh mionlaigh atá imeallaithe in insintí staire na hÉireann. An dara príomhfhorbairt maidir le scéalta agus eispéiris na ndaoine a bhí ar an imeall roimhe seo a thabhairt chun tosaigh ná an t-iarratas ón Aire Oideachais go bhforbródh CNCM acmhainní chun tacú le foghlaim agus teagasc faoin taithí a bhí ag mná agus leanaí go stairiúil sna hárais Máithreacha agus Naíonán. Bhí an obair sin bunaithe ar rannpháirtíocht le dhá ghrúpa sheachtracha, ina raibh marthanóirí ó na hárais agus acadóirí a bhí ag obair sa réimse, is iad sin Tionscadal Stair Béil Thuama (Ollscoil na Gaillimhe) agus tionscadal CLANN, comhthionscnamh de chuid Adoption Rights Alliance agus Justice for the Magdalenes Research. Léiríonn na tionscnaimh sin smaointeoireacht i dtaighde staire agus in oideachas staire ar bhonn níos leithne a fhéachann le haitheantas a thabhairt d'eispéiris na ndaoine a ndearnadh faillí orthu in insintí staire traidisiúnta, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá sé sin le feiceáil freisin, ar leibhéal idirnáisiúnta níos leithne, san aitheantas a thugtar d'eispéiris stairiúla pobal coilínithe, pobal faoi dhaoirse agus pobal faoi chois ar fud an domhain, agus do na hinsintí a bhfuil aighneas ann ina leith a tháinig chun cinn timpeall ar mhórán fiosrúcháin stairiúil sna comhthéacsanna sin.

Tá an athfhorbairt ar shonraíocht staire na hArdteistiméireachta ar siúl i rith tréimhse corraí i ngnóthaí domhanda. Sna fiche bliain ó rinneadh athbhreithniú ar an siollabas reatha, tá athrú mór tagtha ar an domhan. Tá coinbhleacht agus éagobhsaíocht pholaitiúil san Eoraip agus ar fud an domhain, agus deighilt mhéadaithe sa gheopholaitíocht dhomhanda, ag bagairt ar shlándáil na ndaoine agus na náisiún ar bhealach nach bhfacthas ó bhí an Dara Cogadh Domhanda ann. Mar thoradh ar réabhlóid chumarsáide dhomhanda nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, tá teacht chun cinn agus fás forleathan na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise a bhagraíonn gnásanna sóisialta, cultúrtha agus polaitiúla seanbhunaithe a chuir ina gcóir thuathail, agus ar na cleachtais dhaonlathacha a bheith ann. Tá fás mór tagtha ar leibhéal imirce agus tá ardú tagtha ar ghluaiseachtaí agus idé-eolaíochtaí náisiúnaíocha agus antoisceacha polaitiúla ag gabháil leis. Tá an ghéarchéim aeráide agus an easpa freagraí domhanda comhaontaithe ar na dúshlán sin ina mbagairt eiseach ar an gcine daonna i gcónaí. Tá gluaiseachtaí éagsúla atá i mbun feachtais gníomhaithe ar son na haeráide, an cheartais shóisialta agus an chomhionannais tagtha chun cinn freisin, agus iad ag iarraidh cearta na ndaoine a bhí thíos ag an idirdhealú nó an éagóir go stairiúil a chur chun cinn. Tá an tábhacht a bhaineann le tacú le daoine óga le comhfhiosacht agus mothálacht faoin stair a fháil agus a fhorbairt chun na feiniméin sin a iniúchadh, agus an tuiscint choincheapúil chun iad a cheistiú go criticiúil, níos práinne anois ná riamh.

Achoimre ar an gCuid seo

- Cuireann siollabas reatha Stair na hArdteistiméireachta, a tugadh isteach in 2004, agus a tháinig in áit siollabas a théann siar go dtí an bhliain 1969, béim mhór ar an scoláire ag fáil tuiscint dhisciplíneach agus choincheapúil, chomh maith lena chuid eolais ar imeachtaí stairiúla, ar phearsantachtaí, ar shaincheisteanna agus ar théamaí a leathnú.
- Leag an siollabas athbhreithnithe béim ar an tábhacht a bhaineann le cumas an scoláire a bheith ag obair le fianaise, agus chun cur ar a chumas tuiscint a bheith aige ar an bpríomhfhócas ar iniúchadh ar an méid a chreideann staraithe a tharla, bunaithe ar fhiosrú ar an bhfianaise atá ar fáil.
- Rinneadh iarracht i sonraíocht Stair na Sraithe Sóisearaí tógáil ar phríomhbhéim i siollabas na hArdteistiméireachta, le Nádúr na Staire leagtha amach mar shnáithe foirmitheach. Chuir an tsonraíocht béim ar leith ar thacú leis an scoláire chun tuiscint an 'léargais iomláin' a fhorbairt ar an am atá caite. Tugadh 'stádas croí-ábhar' don ábhar in 2020, agus forbraíodh gearrchúrsa don scoláire i ndiaidh CFL2anna freisin.
- Léiríonn forbairtí le déanaí san oideachas staire, amhail Deich mBliana na gCuimhneachán, foilsiú Thuarascáil Taighde Cultúir agus Staire an Lucht Siúil, agus obair a rinneadh chun tacú le foghlaim agus teagasc faoin taithí a bhí ag mná agus leanaí go stairiúil ar na hárais Máithreacha agus Naíonán, ábharthacht an ábhair maidir le tacú leis an tsochaí chomhaimseartha gnéithe trámacha nó conspóideacha den am atá thart a iniúchadh. Léiríonn siad freisin forbairtí san oideachas staireagrafaíochta agus staire a fhéachann le haitheantas a thabhairt do scéalta agus stair na ndaoine imeallaithe.
- Tarraingíonn teacht chun cinn na Faireachlainne ar Theagasc na Staire san Eoraip, a bhfuil Éire ina ball de, aird ar thábhacht an ábhair maidir le tacú leis an scoláire déileáil leis na dúshláin chomhaimseartha scáfara atá os comhair an domhain i réimsí éagsúla.

2. Stair sa churaclam

Tugann an chuid seo forbheathnú ar na deiseanna foghlama a bhaineann leis an Stair atá ar fáil faoi láthair don scoláire laistigh den churaclam bun scoile agus iar-bhunscoile sa tsraith shóisearach agus shinsearach. Breathnaítear ansin ar an líon scoláirí a roghnaíonn an t-ábhar agus fiosraítear tuarascáil an Phríomhscrúdaitheora is déanaí de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus tuairiscí cigireachta ábhair ón Roinn Oideachais (RO).

Stair sa tsraith shóisearach

Ag teacht leis an gCreat don tSraith Shóisearach 2015 (ROS, 2015) tugadh an tsonraíocht ábhair nua do Stair na Sraithe Sóisearaí (SS) isteach i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2018. Tháinig an tsonraíocht sin in ionad shiollabas 1989 agus thóg sé ar an gcoincheap:

...ba chóir go gcuirfeadh an stair ról an staraí i láthair daoine óga, agus na foinsí agus na teicnící a bhíonn in úsáid ag staraíthe . . . Ba cheart go dtabharfadh sé sraith leathan imeachtaí, saincheistanna, daoine agus bealaí saoil do dhaoine óga freisin trína féidir leo . . . patrúin a fheiceáil amhail cúis agus iarmhairt, athrú agus leanúnachas. Is sa saol atá caite a gheobhaidh siad fréamhacha an tsaoil chomhaimseartha. (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROS), 1989, lch 2)

Tá trí shnáithe ann do stair na Sraithe Sóisearaí. Sraith 1 – Is snáithe aontaitheach é ‘Nádúr na staire’ a dhíríonn ar an stair mar dhisciplín. Baineann Snáithe 2 le Stair na hÉireann agus baineann Snáithe 3 le Stair na hEorpa agus an domhan mór.

Tá dhá Mheasúnú Rangbhunaithe i gceist leis an measúnú staire: An tAm atá thart i m'Áit agus Saol i dTréimhse Ama. Cuireann an scoláire Tasc Measúnaithe scríofa i gcrích (ar fiú 10% den ghrád foriomlán é), atá le cur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil. Mar gheall ar fhorálacha Covid, faoi láthair ní cheanglaítear ar an scoláire ach páirt a ghlacadh sa chéad MRB (An tAm atá thart i m'Áit) agus níl air Tasc Measúnaithe a chur isteach. Maireann an scrúdú deiridh dhá uair an chloig, a chuirtear i láthair ag an leibhéal comónta agus tá ar an scoláire na ceistanna go léir ar an bpáipéar a fhreagairt.

Sa bhreis ar stádas croí-ábhar a bheith tugtha don stair, iarradh ar CNCM gearrchúrsa sa Stair a fhorbairt a bheadh ailínithe go ginearálta le Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Tá an gearrchúrsa Leibhéal 2 seo ar fáil do scoláirí a bhfuil deacrachtaí/riachtanais ghinearálta foghlama acu atá sa réimse inniúlachta íseal-mheánach chuig ard-mheánach, ag dul isteach sa chéad bhliain den tSraith Shóisearach in 2021/2022. Leanann an scoláire a dhéanann an gearrchúrsa seo Clár Foghlama Leibhéal 2 pearsantaithe mar aon le comhpháirteanna curaclaim nuair is cuí.

Stair sa tsraith shinsearach

Tá dhá réimse scoite staidéir ann do Stair na hArdteistiméireachta; (i) Stair sa Nua-aois Luath 1492–1815 agus (ii) Stair sa Nua-aois Dhéanach 1815–1993. Ní cheadaítear topaicí a roghnú ón dá Réimse Staidéir, rud a chiallaíonn nach féidir leis an scoláire rogha a dhéanamh staidéar a dhéanamh ach ar stair sa nua-aois luath nó ar stair sa nua-aois dhéanach. In 2023, rinne 12,509 scoláire an scrúdú san ábhar, agus roghnaigh 99.7% an cúrsa stair sa nua-aois dhéanach.

Tá 12 ábhar leagtha amach do gach Réimse Staidéir, le sé cinn a bhaineann le stair na hÉireann agus sé cinn a bhaineann le stair na hEorpa agus an Domhain Mhóir. Tá ar an scoláire dhá thopaic a thógáil ó stair na hÉireann agus dhá thopaic ó stair na hEorpa agus an Domhain Mhóir mar chúrsa staidéir don Ardteistiméireacht. Mar sin féin, déantar topaic amháin a ainmniú chun críocho an Staidéir atá Bunaithe ar Dhoiciméad, a ndéantar scrúdú air i bhfoirm Ceist atá Bunaithe ar Dhoiciméad sa scrúdú deiridh. Athraítear an topaic ainmnithe gach dhá bhliain.

Leagtar an siollabas amach timpeall ar dhá chuid:

- obair le fianaise
- ábhair staidéir.

Maidir le bheith ag obair le fianaise, tá ar an scoláire dul i ngleic le staidéar bunaithe ar dhoiciméid chomh maith le staidéar taighde a dhéanamh, agus ina dhiaidh sin cuireann an scoláire Tuairisc Staidéir Taighde isteach a ndéantar measúnú uirthi.

Stair i bhfócas

Sa chuid seo fiosraítear rátaí rannpháirtíochta i Stair na hArdteistiméireachta ag tarraingt ar staitisticí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus soláthraítear forléargas ar an measúnú don teistiúchán agus léargas ó thuarascálacha ó CSS agus ón Roinn Oideachais (RO).

Rannpháirtíocht an scoláire

| Bliain | Ardleibhéal | Gnáthleibhéal | Líon Iomlán Scoláirí | Líon Iomlán scoláirí Ardteistiméireachta | Stair na hArdteistiméireachta mar % den líon iomlán scoláirí |
|--------|-------------|---------------|----------------------|--|--|
| 2019 | 8824 | 2919 | 11743 | 56,071 | 20.9% |
| 2020 | 9470 | 2825 | 12295 | 56,570 | 21.7% |
| 2021 | 10053 | 2498 | 12551 | 57,952 | 21.65% |
| 2022 | 9432 | 2632 | 12064 | 58,056 | 20.77% |
| 2023 | 9503 | 3006 | 12509 | 58,006 | 21.56% |
| 2024 | 9574 | 2839 | 12413 | 56,791 | 21.86% |

Tábla 1: Líon na scoláirí a rinne Stair na hArdteistiméireachta ar ardleibhéal agus ar gnáthleibhéal 2017-2023/4

Measúnú don teistiúchán

Déantar Stair na hArdteistiméireachta a mheasúnú chun críocho teistiúcháin trí scrúdú scríofa deiridh ar fiú 80% de na marcanna atá ar fáil é agus trí Thuairisc Staidéir Taighde ar fiú 20% de na marcanna é a chur isteach. Déantar an scrúdú scríofa agus an Tuairisc Staidéir Taighde a mheas ar dhá leibhéal – ardleibhéal agus gnáthleibhéal.

Tuairisc Staidéir Taighde

Tá cead ag an scoláire aon ábhar a bhfuil tábhacht stairiúil leis a roghnú don Tuairisc Staidéir Taighde laistigh de pharaiméadair shonraithe na hdátaí (i gcás na hÉireann, ní ceadmhach a bheith níos déanaí ná 1993 agus i gcás na hEorpa agus an Domhain Mhóir, ní ceadmhach a bheith níos déanaí ná 1992). Críochnaítear an tuairisc ar leabhrán pro forma. Is é an líon focal don tuairisc ná 1,200-1,500 focal (Ardleibhéal) agus 600-800 focal (Gnáthleibhéal). Críochnaítear an Tuairisc Staidéir Taighde faoi mhaoirseacht an mhúinteora agus fíordheimhnítear í mar obair an scoláire sula gcuirfear isteach í. Ó 2025 ar aghaidh beidh ar an scoláire a chuid leabhrán a chomhlánú agus a chur isteach go digiteach.

Scrúdú Scríofa Deiridh

Is fiú 400 marc an scrúdú scríofa deiridh Staire (80% den mharc iomlán). Maireann an scrúdú 2 uair agus 50 nóiméad don scoláire ardleibhéil agus gnáthleibhéil araon. Ceist atá Bunaithe ar Dhoiciméid atá sa chéad chuid ar an dá pháipéar. Baineann na doiciméid sin le ceann de na cás-staidéir ón ábhar atá ainmnithe do scrúduithe na bliana sin. Bíonn trí chás-staidéar ag baint le gach topaic agus is é ceann de na cás-staidéir sin fócas na Ceiste atá Bunaithe ar Dhoiciméid sa scrúdpháipéar deiridh. Táthar ag súil go dtuigfidh an scoláire na doiciméid mar fhreagra ar cheisteanna ar an bpáipéar, go ndéanfaidh sé comparáid eatarthu agus cáineadh agus comhthéacsú orthu.

Maidir leis an Ardleibhéal, tá trí cheist i stíl aiste ar na hábhair a ndearnadh staidéar orthu sa chuid eile den pháipéar. Maidir leis an nGnáthleibhéal, ní mór ceisteanna ar thrí thopaic a fhreagairt freisin. Spreagthach atá i ngach rannóg topaice agus ceisteanna tuisceana ina dhiaidh sin, rogha míreanna ar phríomhimeachtaí nó ar phearsantachtaí agus rogha ceisteanna gearra i stíl aiste.

Léargais ó Thuarascálacha an Phríomhscrúdaitheora/Cigireachta

Foilsíodh Tuarascáil dheireanach an Phríomhscrúdaitheora do Stair na hArdteistiméireachta in 2017. Mar a bhí ó rinneadh an chéad scrúdú ar an gcúrsa nua in 2006, is í an Tuairisc Staidéir Taighde an réimse measúnaithe ina n-éiríonn go han-mhaith le scoláirí. In 2017 ba é 89% an meánmharc don Tuairisc Staidéir Taighde ag an Ardleibhéal. Rinne an Príomhscrúdaitheoir trácht ar dhíograis fhollasach na scoláirí dá n-ábhair taighde a roghnaíodh go pearsanta. I measc na n-ábhar bhí idir thionscadail staire áitiúla agus anailísí ar fheiniméan sóisialta nó cultúrtha. Ceann de na gearáin a rinneadh ar chríochnú na Tuairisce Staidéir Taighde ná easpa prótacail chearta lua d'fhoinsí a fuarthas ar an idirlíon. I measc na n-ábhar imní eile a bhí ann bhí gur sháraigh scoláirí líon na bhfocal don aiste fhada agus tarlaithe bradaíola de shleachta a tras-scríobhadh go díreach ó fhoinsí.

Don scrúdú scríofa, mhol an Príomhscrúdaitheoir láimhseáil na gceisteanna bunaithe ar dhoiciméid ag an dá leibhéal ach thug sé faoi deara nár tugadh freagra chomh maith céanna ar an gceist chomhthéacsaithe. In ainneoin an réimse leathan topaicí atá ar fáil ar an scrúdpháipéar, dhírigh formhór na scoláirí ar rogha chaol topaicí. I stair na hÉireann, ba é Topaic 3: Ar thóir na flaitheas agus tionchar na críochdheighilte, 1912 – 1949, an rogha ba choitianta le 90% de na scoláirí ag an ardleibhéal agus 75% de na scoláirí ag an ngnáthleibhéal ag freagairt ar an ábhar seo. I stair na hEorpa agus an domhain mhóir, ba é Topaic 6: Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945

- 1989 an t-ábhar ba choitianta ag 83% den ardleibhéal agus 85% de scoláirí gnáthleibhéal á roghnú an ábhair seo.

Barúil a cuireadh in iúl ar an measúnú ag an dá leibhéal ná go raibh fócas ar na cás-staidéir agus ar na príomhphearsana mar bhunús le go leor de na freagraí a cuireadh i láthair sa scrúdú. Uaireanta dhírigh na freagraí sin ar chuntas inste ar an staidéar nó ar an bpearsantacht gan anailís ná meastóireacht ar an gcomhthéacs a léireodh tuiscint stairiúil.

Tuairiscí Cigireachta na Roinne Oideachais

Léiríonn forbhreathnú ar na tuairiscí cigireachta ábhair is déanaí don stair gur téamaí coitianta ar údar inní iad don chigireacht an cur chuige bunaithe ar scileanna i leith na staire a chomhtháthú; scileanna scríbhneoireachta stairiúla a fhorbairt agus an cumas anailíse a fhorbairt. Measadh go raibh úsáid ardán digiteach agus rochtain ar stórtha digiteacha ríthábhachtach chun scileanna taighde a fhorbairt sa seomra ranga staire. Tugadh faoi deara gur chuir deiseanna rochtain a fháil ar fhoinsí bunscoile agus meánscoile ina gcuid taighde ar chumas na scoláirí scileanna smaointeoireachta imscrúdaitheacha agus criticiúla a fhorbairt agus gur éascaíodh foghlaim neamhspleách. Bhí rochtain ar Theicneolaíochtaí Foghlama Digítí (DLT) agus a mhéid a úsáidtear iad don stair, éagsúil ó scoil go scoil.

Achoimre ar an gCuid seo

- Tá dhá réimse staidéir ar leith ann i siollabas reatha na hArdteistiméireachta, 'Stair sa Nua-aois Luath' agus 'Stair sa Nua-aois Dhéanach'. Mar sin féin, ní roghnaíonn ach 0.3% de chohórt scoláirí an réimse staidéir 'Stair sa Nua-aois Luath'.
- Déantar an siollabas a mheasúnú trí Thuairisc Staidéir Taighde (20%) a chuirtear isteach roimh ré agus trí scrúdú scríofa (80%). Éilíonn an scrúdú scríofa ar an scoláire Ceist atá Bunaithe ar Dhoiciméid a fhreagairt (ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal araon) a bhaineann leis an ábhar ainmnithe, chomh maith le dul i ngleic le ceisteanna ar thrí thopaic eile, agus marcanna comhionanna ag gach ceann acu. Dá bhrí sin, bronntar 40% de na marcanna as obair le fianaise.
- Tá rátaí rannpháirtíochta Stair na hArdteistiméireachta réasúnta cobhsaí le blianta beaga anuas (cé go bhfuil laghdú beag tagtha ar an gcéatadán scoláirí atá rannpháirteach).
- Léiríonn tuairiscí na gcigirí an gá atá le cur chuige níos bunaithe ar scileanna i leith na staire chomh maith le béim ar fhorbairt scileanna lítearthachta stairiúla agus cumais anailíse.
- Leag sonraíocht Stair na Sraithe Sóisearaí 2018 béim ar thuiscint dhisciplíneach trína snáithe foirmiúil 'nádúr na staire'. Chuir an bhéim sin leis an bhfócas méadaithe ar obair le fianaise i siollabas athbhreithnithe na hArdteistiméireachta.

3. Léargas ó chuartheanna ar scoileanna

Reáchtáladh cuairteanna scileanna mar chuid den obair mheasta don Scrúdpháipéar seo. Roghnaíodh sampla ionadaíoch ó 60 scoil a léirigh spéis i bpáirt a ghlacadh sna forbairtí i gcuraclam Stair na hArdteistiméireachta. Roghnaíodh sé scoil trí úsáid a bhaint as critéir a bhaineann le stádas DEIS, inscne, méid na scoile, agus an cineál scoile. Bhí na cuairteanna ar na scoileanna sin ar siúl i mí Mheán Fómhair agus mí Dheireadh Fómhair 2024 agus cuimsíodh leo cruinnithe fócasghrúpa le 42 scoláire sa tsraith shinsearach, 18 múinteoir Staire agus 11 cheannaire scoile. Sa chuid seo a leanas soláthraítear forléargas ar an léargas a bailíodh ó na cuairteanna sin.

Eascaítear léargais ó chur chuige téamach ar imscrúdú aiseolais an fhócasghrúpa is féidir a aicmiú faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Éachtaí agus dúshláin shiollabas reatha Staire na hArdteistiméireachta
- Aidhm Stair na hArdteistiméireachta
- Measúnú
- Fís le haghaidh sonraíocht athfhorbartha.

Éachtaí agus dúshláin an tsiollabais reatha

Is léir ón gcomhairliúchán go mbaineann múinteoirí agus scoláirí taitneamh as bheith ag plé leis an siollabas reatha. Tá meas ag múinteoirí ar an raon leathan topaicí atá leagtha amach sa Réimse Staidéir ‘Stair sa Nua-aois Dhéanach’, agus a bheith in ann roghnú as na topaicí seo agus cúrsaí staidéir á ndearadh acu. Chuir idir mhúinteoirí agus scoláirí an tuairim in iúl go raibh an Staidéar Taighde agus an Staidéar Bunaithe ar Dhoiciméid rithábhachtach chun scileanna taighde agus smaointeoireachta criticiúla na scoláirí a fhorbairt, scileanna a mheas siad a bheith riachtanach.

Maidir le dúshláin, dúirt scoláirí agus múinteoirí araon, cé go raibh dúil acu i bhfairsinge an chúrsa, gur mheas siad go raibh an méid ábhair, san am a leithdháileadh dó, iomarcach. Bhí comhdhearcadh ina measc freisin go raibh bearna idir na scileanna a forbraíodh sa tsraith shóisearach agus na scileanna a theastaíonn don Ardteistiméireacht, go háirithe i gcomhthéacs aistí fada a scríobh. Luaigh múinteoirí go minic go raibh deacrachtaí ag scoláirí a gcuid smaointe a eagrú agus iad ag scríobh píosaí sínte, agus go raibh deacracht acu a gcuid smaointe a struchtúrú i bhformáid de chineál aiste laistigh de shrianta ama an scrúdaithe deiridh. Luaigh scoláirí go minic na brúnna ama a bhaineann le cúpla aiste a scríobh sa scrúdú agus an rogha a bhí acu maidir leis na ceisteanna i stíl na Ceiste Bunaithe ar Dhoiciméid a mheas siad a thug orthu úsáid a bhaint as an scileanna anailíseacha ar bhealach níos iontaofa.

Luaigh múinteoirí, bíodh is gur dhírigh cuid mhór den chúrsa ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm scileanna taighde, gur mhinic a bhí scoláirí ag streachailt le teacht ar fhoinsí cuí agus dul i ngleic leo, agus gur údar mór imní é an spleáchas atá ann ar Vicipéid. Dúirt siad go raibh gá le bunús críochnúil i scileanna taighde na scoláirí, agus le forbairt a gcumais foinsí fianaise ar líne a scrúdú go criticiúil, chun aidhmeanna an Staidéir Taighde a bhaint amach. Breathnaíodh ar an easpa dóthain ama chun na scileanna seo a fhorbairt mar bhac mór ar thuiscint na scoláirí ar an gcaoi a bhféadfaí modheolaíochtaí agus scileanna taighde éagsúla a chur i bhfeidhm laistigh den Tuairisc Staidéir Taighde.

Aidhm Stair na hArdteistiméireachta

Léirigh na múinteoirí an tuairim go raibh aidhmeanna luaite an tsiollabais reatha oiriúnach, agus an cuspóir teagmháil a dhéanamh le daoine, le himeachtaí, le saincheisteanna agus le téamaí na linne seo chun tuiscint níos fearr a fháil ar an am i láthair, daingnithe go háirithe. Chomh maith leis sin, chonaic na scoláirí go raibh luach ag baint leis an stair chun na críche sin. Luaigh scoláirí agus múinteoirí iniúchadh a dhéanamh ar na Trioblóidí agus ar stair Thuaisceart Éireann sa chomhthéacs sin, chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar fhorbairtí reatha i gceantair ar nós Oirthear na hEorpa agus an Mheánoirthir a bhfuil fréamhacha stairiúla fada acu. Chreid múinteoirí freisin go raibh forbairt scileanna smaointeoireachta criticiúla ina príomhghné de na haidhmeanna, agus gur cheart go dtacódh an fhorbairt seo freisin le scileanna inaistrithe níos leithne na scoláirí le haghaidh rannpháirtíocht fhiúntach le saol na hoibre nó i suíomh oideachais iarscoile. Gné eile de na haidhmeanna siollabais a mhol múinteoirí ná an spéis sa stair a chothaítear i scoláirí a mhairfidh ar feadh a saoil. Chonaic siad é seo mar bhealach chun a chur ar chumas na scoláirí tuiscint níos fearr a fháil ar a bhféiniúlacht, ar a n-oidhreacht agus ar éagsúlacht a ndomhan, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, chomh maith le tacú le scoláirí ó chúlaí éagsúla dul i ngleic leis an bhfoghlaim. Luaigh scoláirí a spéis phearsanta sa stair go minic agus chuir siad fáilte roimh an gcumas na spéiseanna seo a leanúint agus scileanna an staraí a fhorbairt ina gcúrsa staidéir.

Measúnú

Luaigh múinteoirí gur cheart go dtabharfadh measúnú luach saothair do thuiscint agus anailís dhomhain stairiúil seachas breathuisicint. Leag siad béim ar thábhacht scileanna smaointeoireachta criticiúla thar fhoghlaim de ghlanmheabhair agus chreid siad nach bhféadfaí é sin a bhaint amach ach amháin dá ligfí do scoláirí tabhairt faoi scileanna taighde níos gníomhaí, anailís foinse agus foghlaim ar bhonn fiosraithe.

Chreid go leor múinteoirí go raibh an scrúdú deiridh ag an Ardleibhéal ródhírthe ar scríbhneoireacht aistí fada agus go bhféadfadh sé freastal ar chuir chuige níos éagsúla maidir le measúnú, mar shampla agallaimh agus cur i láthair ó bhéal. Bhí tuairimí na scoláirí ag teacht leis an meon sin nuair a labhair siad faoin dearcadh a bhí acu ar scoláirí rathúla mar iad siúd a d'fhéadfadh scríobh níos tapúla, seachas iad siúd a raibh tuiscint níos doimhne acu ar an ábhar ach nach raibh siad in ann é a scríobh síos san am a cheadaítear sa scrúdú. Dar le scoláirí, bhain an scrúdú deiridh le bainistíocht ama ar fad – d'ullmhaigh siad don scrúdú trí chleachtadh a dhéanamh ar fhreagraí a scríobh amach agus uainiú a dhéanamh orthu féin. Chreid siad dá dtabharfaí deis dóibh iad féin a chur in iúl ar bhealaí éagsúla go bhféadfadh torthaí níos rathúla a bheith ann ag an bpointe seo sa phróiseas measúnaithe.

Bhí ardmheas ag scoláirí agus múinteoirí araon ar an staidéar taighde agus ar an bhformáid tuairisce a bhaineann leis (tuairisc staidéir taighde). D'fháiltigh siad roimh an deis dul i ngleic le téama a raibh suim acu ann agus inar éascaíodh fiosrú féintreoraithe leis. Thug siad le fios freisin go raibh an fócas ar mhodheolaíochtaí taighde úsáideach chun scileanna léirmhíntithe anailíseacha a fhorbairt agus go bhféadfaí na scileanna sin a chur i bhfeidhm ar fud réimsí ábhair eile chomh maith leis an ionad oibre nó sa bhreisoideachas/ardoideachas.

Thug ceannairí scoile le fios go raibh sé de chumas ag an CMB nua (a leithdháilfear 40% ar a laghad de mharcanna foriomlána air don ábhar) a bheith chun tairbhe na scoláirí ach chreid siad go mbeadh sé dúshlánach ó thaobh líon mór CMBanna a chur isteach gan machnamh a dhéanamh ar uainiú na n-aighneachtaí sin.

Fís le haghaidh sonraíocht athfhorbartha

D'aontaigh idir mhúinteoirí, scoláirí agus cheannairí scoile gur ghá an siollabas a athfhorbairt, go háirithe i bhfianaise forbairtí suntasacha atá tarlaíthe ó rinneadh an t-uasdátú deireanach ar an siollabas in 2003. Bíodh is nach ndeachaigh formhór mór na scoileanna sa tír i ngleic leis an Réimse Staidéir 'Stair sa Nua-aois Luath', thug múinteoirí agus scoláirí le fios gur cheart go mbeadh deiseanna ann don scoláire teacht ar scóip chróineolaíoch i bhfad níos leithne topaicí i sonraíocht nua, a bhaineann leis an Eoraip agus leis an domhan mór araon. Chreid múinteoirí go bhféadfaí é seo a dhéanamh trí mhodúil staidéir níos giorra a chruthú laistigh de na topaicí atá ainmnithe, rud a cheadódh níos mó éagsúlachta laistigh den spás sin.

Cé gur chreid formhór na múinteoirí gur cheart go mbeadh stair na hÉireann mar chroíchuid den tsonraíocht nua, ní raibh na scoláirí chomh cinnte. Go ginearálta dúirt scoláirí go raibh go leor de stair na hÉireann clúdaithe acu i bhfoghlaim na sraithe sóisearaí. Cé go gcreideann siad gur chóir go mbeadh stair na hÉireann lárnach, chuir múinteoirí in iúl gur mhian leo go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcruth. Thug go leor múinteoirí faoi deara nach raibh nasc ann idir an t-ábhar atá ann cheana le scoláirí, i gcomhthéacs a dtaithe ar éagsúlacht i sochaí nua-aimseartha na hÉireann agus ina ról mar shaoránaigh dhomhanda araon.

Mhol múinteoirí agus scoláirí araon an stair áitiúil mar fhócas staidéir. Ba rud an-dearfach do scoláirí é an taithí a bhí acu ag plé le Measúnú Rangbhunaithe 1: "An tAm atá thart i m'Áit" sa tsraith shóisearach. Dheimhnigh múinteoirí é sin, agus mhol go leor acu an próiseas fiosrúcháin ag an leibhéal áitiúil, mar atá leagtha amach i dtreoir chun Measúnú Rangbhunaithe 1 a chríochnú, a bheith ina múnla féideartha le haghaidh oiriúnú sa tsonraíocht nua.

Breathnaíodh ar shamhail den chineál céanna leis an staidéar taighde mar chomhpháirt riachtanach agus lárnach d'aon sonraíocht nua. Léirigh scoláirí agus múinteoirí araon gur mhian leo go leathnófaí é chun formáid i stíl punainne a chur san áireamh le béim ar láimhseáil foinsí, scileanna taighde agus féinmhachnamh.

Ardaíodh an tábhacht a bhaineann le scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt agus modheolaíochtaí taighde a fháil go minic le linn plé an fhócasghrúpa. Dúirt roinnt múinteoirí agus ceannairí scoile gur cheart go mbeadh modúl ar leith ann atá tiomnaithe don ghné seo de scileanna an staraí, agus chreid daoine eile gur cheart na scileanna seo a ionchorprú nó a chomhtháthú i dtorthaí foghlama na dtopaicí ar féidir leis na scoláirí teacht orthu de réir mar a théann a rannpháirtíocht leis an gcúrsa ar aghaidh.

Labhair scoláirí go leor faoin ngá atá le stair nach bhfuil chomh 'dírithe ar an iarthar' agus a bheith níos cuimsithe de stair ón Afraic, ón Meánoirthear agus ón Áise. Bhí sé seo le feiceáil freisin i ndíospóireachtaí na scoláirí agus iad ag iarraidh bunús go leor coimhlintí nua-aimseartha ar fud na cruinne a thuiscint, go háirithe san Úcráin agus sa Mheánoirthear. Dúirt go leor daoine freisin gur cheart go leathnófaí an cúrsa nua go dtí (i gcásanna áirithe) 2016, chun go bhféadfaí dul i ngleic le forbairtí suntasacha amhail tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (an

Breathimeacht) agus an reifreann ar phósadh comhghnéis in Éirinn, rud a moladh a d'fhéadfaí a chur san áireamh in ábhair staidéir. Bhí roinnt plé ar an gcaoi a bhféadfadh trasnail a bheith ann idir na hábhair agus sainchúram Pholaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta. Rinne go leor scoláirí trácht freisin ar ghuthanna agus peirspictíochtaí atá in easnamh sa siollabas reatha. Is minic a aithníodh peirspictíochtaí na mban, na ndaoine imeallaithe agus na ndaoine lasmuigh den scothaicme shocheacnamaíoch mar pheirspictíochtaí atá ar iarraidh ón gcúrsa reatha nó atá san áireamh ar bhealach comharthach.

Bíodh is go bhfuil dúil ag an gcuid is mó de na scoláirí sa Staidéar Bunaithe ar Dhoiciméid, chreid go leor gur cheart go mbeadh níos mó fócais ar scileanna a léiriú, seachas go mbeadh gá le go leor a chur de ghlanmheabhair chun go n-éireoidh leo ina measúnú deiridh. Ag leanúint ar aghaidh uaidh sin, léirigh na scoláirí gur mhian leo níos mó deiseanna a bheith acu chun tabhairt faoi staidéar allamuigh agus faoi ghníomhaíochtaí nach bhfuil bunaithe sa seomra ranga, rud a thabharfadh le tuiscint go ndéanfadh an nuálaíocht sin an stair níos inláimhsithe agus níos ábhartha, agus níos tarraingtí do scoláirí. Tugadh le fios go bhféadfadh iniúchadh a dhéanamh ar scéalta stairiúla pearsanta le comharsana, le teaghlaigh agus le daoine scothaosta mar shampla i measc na gcineálacha gníomhaíochtaí seo. Ag leanúint ar aghaidh uaidh sin, shíl scoláirí freisin go mbeadh cleachtais níos comhoibrithí sa seomra ranga, ina bhféadfaidís eolas agus eispéiris taighde a roinnt, ina mbealach éifeachtach chun foghlaim.

Thug ceannairí scoile le fios go raibh sé ríthábhachtach i bhfianaise roinnt ábhar athfhorbartha a thabhairt isteach go dtairgfí forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) thráthúil, inrochtana agus inbhuanaithe chun tacú le múinteoirí. Chreid siad freisin go raibh sé tábhachtach go mbeadh rochtain iomchuí ar theicneolaíocht do gach scoláire chomh maith le hacmhainní cuí chun an tsonraíocht nua a chur i bhfeidhm. Bhí inní ar cheannairí agus ar mhúinteoirí scoile araon go bhféadfadh tionchar a bheith ag saincheisteanna Intleachta Saorga ar ionracas acadúil. Dúirt siad gur rud é ar ghá aghaidh a thabhairt air laistigh d'aon treoirínite a tugadh isteach chun tacú le cur i bhfeidhm ábhair.

Ar an iomlán, chuir gach freagróir fáilte roimh athfhorbairt na sonraíochta staire. Go háirithe, léirigh ceannairí scoile agus múinteoirí an tuairim go bhféadfaí an stair a leagan amach, san athfhorbairt seo, mar réimse foghlama tábhachtach agus ábhartha chun tacú le scoláirí ina dtuiscint ar an am atá caite agus ar an gcaoi a ndeachaigh sé seo i bhfeidhm ar an am i láthair agus go deimhin ar an todhchaí. Chomh maith leis na deiseanna a tháirgtear tríd an CMB, d'fhéadfadh na scoláirí breathnú ar an tsonraíocht staire nua mar shonraíocht ábhartha, spreagúil agus tarraingteach.

Achoimre ar an gCuid seo

- Díríodh san aiseolas ó fhócasghrúpaí le scoláirí agus múinteoirí staire, agus le ceannairí i sé scoil ar an rath agus na dúshláin a bhaineann leis an siollabas atá ann cheana, aidhm an tsiollabais staire, measúnú agus fíis do shonraíocht athfhorbartha
- Bhí scoláirí, múinteoirí agus ceannairí scoile an-dearfach faoin siollabas a bhí ann cheana ach chonaic siad deiseanna chun ábharthacht a mhéadú maidir le sochaí an lae inniu a thuiscint trí staidéar a dhéanamh ar an stair.

- Breathnaíodh ar an staidéar taighde mar ghné an-dearfach den siollabas agus chuir gach rannpháirtí fáilte roimh mhéadú ar a luach.
- D'áitigh múinteoirí agus scoláirí go raibh béim ar scileanna an staraí agus ar fhorbairt scileanna smaointeoireachta criticiúla riachtanach in athfhorbairt na sonraíochta
- Luaigh múinteoirí agus scoláirí an méid ábhair laistigh de gach ábhar agus chreid siad go rachadh cur chuige níos dírithe agus níos téamaí chun tairbhe d'fhoghlaim agus do mhúineadh an ábhair araon.
- Tá rochtain ar theicneolaíocht agus ar thacaíocht leanúnach ríthábhachtach chun an t-ábhar a fhiosrú ó dhearcadh an scoláire agus ó na huaslódálacha digiteacha a theastaíonn ó CSS.

4. Treochtaí idirnáisiúnta san oideachas staire

Féachann an chuid seo ar theagasc agus ar fhoghlaim na Staire mar a thairgtear do scoláirí i gcomhthéacsanna idirnáisiúnta éagsúla: mar atá, Clár Diplóma an Baccalauréat Idirnáisiúnta, agus socruithe curaclaim don ábhar sa Nua-Shéalainn, in Victoria na hAstráile agus in Albain. Ar fud na suíomhanna seo, déantar iniúchadh ar áit agus ar chuspóir staidéar na Staire sa chéim meánscoile den oideachas sinsearach, mar aon le treochtaí i ndearadh agus i measúnú curaclaim.

Clár Diplóma an Baccalauréat Idirnáisiúnta

Is réamhchlár ollscoile dhá bhliain é Clár Diplóma (CD) an Baccalauréat Idirnáisiúnta (BI), do scoláirí idir 16 agus 19 mbliana d'aois. Is é is aidhm ag an gcúrsa scoláirí a chumasú le tuiscint ar an am atá thart a fhorbairt agus spéis leanúnach a choinneáil san am atá thart trí iliomad peirspictíochtaí, áit ar féidir leo nádúr casta na gcoincheap, na saincheisteanna agus na n-imeachtaí stairiúla a thuiscint. Is é is aidhm ag an gcúrsa príomhscileanna stairiúla na scoláirí a fhorbairt, lena n-áirítear teagmháil éifeachtach a dhéanamh le foinsí agus an stair a iniúchadh mar dhisciplín acadúil.

Is cúrsa staire domhanda é Clár Diplóma IB atá bunaithe ar chur chuige comparáideach agus ildearcach i leith na staire atá dírithe ar phríomhchoincheapa stairiúla cosúil le hathrú, cúisíocht agus tábhacht. Déantar staidéar air trí lionsa polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta, agus cultúrtha agus déantar é a mheasúnú ag gnáthleibhéal (GL) agus ag ardleibhéal (AL). Leagann sé béim ar an tábhacht a bhaineann leis an scoláire a spreagadh chun smaoineamh go stairiúil; chun scileanna stairiúla a fhorbairt; agus chun braistint fiosrúcháin a fhorbairt trí iniúchadh criticiúil a dhéanamh ar an am atá thart. Múineann múinteoirí scileanna smaointeoireachta agus taighde go sainráite amhail tuiscint, anailís téacs, agus bunfhoinsí a cheistiú, agus tá saoirse acu samplaí ábhartha a roghnú chun iniúchadh a dhéanamh lena gcuid scoláirí, agus é mar aidhm acu a chinntiú go gcomhlíonann an cúrsa riachtanais agus spéiseanna a gcuid scoláirí beag beann ar a suíomh nó ar a gcomhthéacs. Molann an IB 240 uair an chloig teagaisc do chúrsaí GL agus 150 uair an chloig do chúrsaí AL. Tá trí chomhpháirt curaclaim ann don chúrsa GL Staire agus ceithre cinn don chúrsa AL. Ina measc seo tá téamaí ainmnithe ina dtugann an scoláire faoi chás-staidéar, rannóg staire ar an domhan níos leithne, píosa níos doimhne don scoláire AL, agus imscrúdú stairiúil, a dhéanann an scoláire GL agus AL araon. Áirítear leis an treoir cás-staidéir roghanna ar cheannairí míleata; concas agus a thionchar; an t-aistriú go dtí cogadh domhanda; cearta agus agóid; agus coimhlint agus

idirghabháil. Sainmhínítear na hábhair staire domhanda de réir dátaí agus téamaí agus áirítear leo, i measc ábhair eile, an tsochaí agus an geilleagar (750-1400); ríshleachta agus rialóirí (750-1500); sochaithe ag athrú (1400 – 1700); teacht chun cinn agus forbairt na stát daonlathach (1848 – 2000) agus an Cogadh Fuar: teannas ollchumhachta agus iomaíocht (an 20ú hAois). Cuireann an Staidéar Doimhneachta Ardleibhéil roghanna ar fáil maidir le stair na hAfraice agus an Mheánoirthir, Chríocha Mheiriceá, na hÁise agus na hAigéine, agus na hEorpa.

Tá measúnú Chlár Dioplóma IB deartha chun gnóthachtáil scoláire a thaifeadh i dtreo dheireadh an chúrsa staidéir, agus déantar measúnú ar an scoláire a dhéanann an cúrsa DP Staire trí scrúduithe seachtracha agus imscrúdú stairiúil a ndéantar measúnú inmheánach air.

Ligeann IB don scoláire uirlisí Intleachta Saorga (IS) a úsáid le linn obair chúrsa a tháirgeadh le haghaidh measúnú, ach ba cheart go mbeadh a n-úsáid i gcomhréir lena bheartas sláine acadúla. Leagtar amach leis sin, mar shampla, nach bhféachann an IB ar aon obair a tháirgtear, fiú i bpáirt amháin, le huirlisí IS, mar obair an scoláire féin. Mar thoradh air sin, tá sé ag súil go mbeidh an scoláire soiléir má tá aon téacs, íomhá nó graf a ghintear le IS a áirítear i bpíosa oibre cóipeáilte ó bhogearraí den sórt sin, agus creidmheas a thabhairt do na bogearraí i gcorp an téacs agus ag tagairt dó sa leabharliosta.

Teastas Oideachais na Nua-Shéalainne

Is é is aidhm ag Stair sa Teastas Náisiúnta um Ghnóthachtáil Oideachais (NCEA), an cháilíocht shinsearach dara leibhéal sa Nua-Shéalainn, an scoláire a chumasú chun dul i ngleic le insintí stairiúla daoine, áiteanna agus imeachtaí ón am atá thart. Déanann an scoláire machnamh agus tuiscint a fhorbairt ar an gcaoi a dtéann an t-am atá thart i bhfeidhm ar thuiscint chomhaimseartha ar an domhan mórthimpeall orthu. Déanann sé iniúchadh ar chomhthéacsanna áitiúla, náisiúnta, agus domhanda chun tuiscint a fháil ar chaidrimh stairiúla cosúil le cúis agus éifeacht, chomh maith le leanúnachas agus athrú insintí stairiúla. I gcomhthéacs na Nua-Shéalainne, cothaíonn sé feacht mhéadaitheach ar Chonradh Waitangi (doiciméad bunaithe na Nua-Shéalainne) agus ar a phrionsabail stairiúla, a luachanna, agus a ábharthacht leanúnach agus, trí aitheantas a thabhairt don chaoi ar mhúnlaigh an t-am atá thart an t-am i láthair, tá sé in ann fás mar dhuine aonair muiníneach, ceisteach, agus comhbhách, le tuiscint fhorbartha ar a áit féin sa domhan mórthimpeall air, agus ar an nasc atá aige leis. Forbraíonn an scoláire a thuiscint freisin ar nádúr an fhiosrúcháin stairiúil agus ar an gcaoi a bhfuil sé bunaithe ar fhianaise agus tá sé in ann insintí stairiúla agus na dearcthaí éagsúla laistigh agus timpeall air a chíoradh.

Tá Stair sa NCEA bunaithe ar chúig ‘Mhórsmaoineamh’ agus ‘Foghlaim Shuntasach’. Is mairtís foghlama iad seo nuair a thógtar le chéile iad, a úsáideann múinteoirí mar uirlis chun clár foghlama a thógáil a chlúdaíonn an fhoghlaim riachtanach ar fad san ábhar. Níl aon ord ainmnithe leis an mairtís foghlama. D’fhéadfadh clár foghlama tosú amach le comhthéacs atá ábhartha i gceantar áitiúil na scoile nó le smaoineamh a bhfuil suim ar leith ag an scoláire ann. Caithfidh an comhthéacs nó an t-ábhar seo a bheith bainteach le Mórsmoineamh amháin ar a laghad agus féadfaidh sé nasc a dhéanamh le Mórsmointe eile freisin.

Is iad na cúig “Mhórsmaoineamh”:

- Nádúr na staire: tógtar insintí stairiúla.
- Nádúr na staire: cuirtear in aghaidh insintí stairiúla.

- Eolas: is minic a bhíonn caidrimh chumhachta mar spreagadh don stair.
- Eolas: cruthaíonn áit insintí stairiúla na bpobal.
- Eolas: tá féiniúlacht fite fuaite leis an stair agus tá sí múnlaith ag tuiscint ar áit, ginealas agus caidrimh agus naisc.

Níl aon ábhar ainmnithe ann, agus úsáideann múinteoirí an mhaitrís foghlama mar uirlis chun cláir foghlama a thógáil dá gcuid scoláirí.

Maidir le measúnú, tá sé dhámhachtain ghnóthachtála ann do chreidiúintí staire Leibhéal 3, agus déantar trí cinn díobh a mheasúnú go seachtrach agus trí cinn díobh a mheasúnú go himmheánach. D'fhéadfadh tasc fada, mionstaidéar, fianaise dhigiteach (amhail agallaimh thaifeadta, blaganna, grianghraif nó scannán) nó punann fianaise a bheith san áireamh le fianaise a bhailiú do na caighdeáin a ndéantar measúnú inmheánach orthu, ach níl sé teoranta dóibh sin.

Chuir Údarás Cálíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA) agus an Roinn Oideachais comhairle agus treoir tosaigh ar fáil maidir le húsáid na hIntleachta Saorga (IS), agus úsáid IS chun críocha measúnaithe. Cuireann an Roinn roinnt pointí ar fáil freisin a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do scoileanna agus do mhúinteoirí maidir le húsáid inghlactha IS.

Albain: Stair Ardleibhéil

Tá sé mar aidhm ag Stair Ardleibhéil in Albain an scoláire a chumasú chun tuiscint níos fearr ar an domhan a fhorbairt trí fhoghlaim faoi dhaoine eile agus a luachanna, in amanna, in áiteanna agus i gcúinsí éagsúla, agus chun léarscáil a fhorbairt den am atá caite agus meas agus tuiscint ar na fórsaí a mhúnlaigh an domhan sa lá atá inniu ann. Tugann sé deiseanna don scoláire dearcthaí áirithe a fhorbairt, lena n-áirítear intinn oscailte agus meas ar luachanna, ar chreidimh agus ar chultúir daoine eile, oscailteacht do smaointeoireacht agus do smaointe nua agus braistint freagrachta agus saoránacht dhomhanda. Leagtar béim freisin ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm scileanna, lena n-áirítear scileanna smaointeoireachta trí mheastóireacht a dhéanamh ar fhoinsí, agus scileanna sa litearthacht trí fhaisnéis a úsáid agus a shintéisiú ar bhealaí éagsúla. Is é 160 uair an chloig an fad ama measta a thógfaidh sé an cúrsa Stair Ardleibhéil a chur i gcrích, cúrsa a mhaireann bliain amháin de ghnáth.

Tá trí réimse staidéir in inneachar an chúrsa Stair Ardleibhéil: Stair na Breataine, stair na hEorpa agus an domhain, agus Stair na hAlban. Tá roinnt mhaith solúbthachta ann i dtaobh na gcomhthéacsanna agus na dtéamaí ar féidir staidéar a dhéanamh orthu chun foráil a dhéanamh maidir le pearsantú agus rogha. I measc na roghanna cumhdaítear topaicí ó ré na Meánaoise, na Nua-Aoise Luaithe agus na Nua-Aoise Déanaí, agus cuimsítear leo gnéithe den stair pholaitíochta, shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha. Is é is aidhm don chúrsa eolas agus tuiscint chruinn mhionsonraithe ar chúrsaí staire casta sa Bhreatain, san Eoraip agus ar domhan, agus in Albain a fhorbairt, chomh maith le tuiscint choincheapúil ar an am atá caite agus scileanna chun eolas staire a anailísiú, a mheas agus a tharraingt le chéile ar bhealach dea-struchtúrtha.

Déantar measúnú ar an Stair Ardleibhéil le scrúduithe scríofa, chomh maith le tasc. Tá trí chomhpháirt mheasúnaithe ann (dhá scrúdpháipéar scríofa agus tasc amháin):

- Stair na Breataine, Stair na hEorpa agus an domhain.
- Stair na hAlban.
- Tasc.

Socraítear an tasc de réir threoirilínite Údarás Cáilíochtaí na hAlban (SQA) agus soláthraíonn SQA treoir maidir lena ndéantar scrúdú air. Bíonn rogha oscailte ag an scoláire chun taighde a dhéanamh ar thopaic, ceist nó saincheist stairiúil, agus cuirtear fianaise faoi bhráid SQA lena marcáil go seachtrach. Baineann dhá chéim leis an tasc: taighde agus táirgeadh fianaise. Tugann an scoláire faoin gcéim thaighde ag pointe cuí sa chúrsa (bliana), agus na scileanna, an t-eolas agus an tuiscint riachtanach forbartha aige de ghnáth. Tá ráitis foilsithe ag SQA maidir le húsáid intleachta saorga giniúnaí i dtascanna.

Stair i dTeastas Oideachais Victoria, Victoria na hAstráile

Maidir le staidéar na Staire do Theastas Oideachais Victoria (VCE), an ardteistiméireacht meánscoile sinsearaí, is é is aidhm dó cabhrú leis an scoláire tuiscint a fháil air féin, ar dhaoine eile, agus ar an domhan comhaimseartha, agus a chuid meonta a leathnú ach eolas a chur ar imeachtaí, smaointe, daoine aonair, grúpaí agus gluaiseachtaí ón am atá caite. Forbraíonn an scoláire Staire VCE tuiscint shóisialta, pholaitíochta, eacnamaíoch agus chultúrtha ar na tosca agus gnéithe a chabhraigh leis an lá inniu a mhúnlú. Fiosraíonn sé leanúnachas agus athrú, agus forbraíonn an cumas ceisteanna diana a chur, plé le taighde neamhspleách agus argóintí a chur le chéile maidir leis an am atá caite bunaithe ar fhianaise ó fhoinsí stairiúla. Forbraíonn sé tuiscint staire, is é sin, foinse a thuiscint i dtaobh a comhthéacs ach naisc a dhéanamh amach idir an fhoinsé stairiúil agus an comhthéacs domhanda inar cruthaíodh í.

Fiosraíonn an scoláire réimse réanna agus aoiseanna, imeachtaí, daoine, áiteanna agus smaointe, i sraith aonad. Meascann an scoláire aonaid 1-4 ó na roghanna atá ar fáil. I measc na roghanna tá cinn maidir le hImpireachtaí; an Nua-Stair; an tSean-Mheaspataim, an Éigipt, an Ghréig agus an Róimh; an Luath-Shín; Stair na hAstráile; agus Réabhlóidí. Léirítear gnóthachtáil torthaí agus críochnú sásúil aonaid le fianaise ó mheasúnú ar réimse gníomhaíochtaí agus tascanna foghlama, agus tá coinne leis go bhforbróidh múinteoirí cúrsaí ina gcuirtear deiseanna cuí ar fáil don scoláire le gnóthachtáil shásúil a léiriú ar thorthaí.

Tá meascán gnásanna measúnuithe inmheánacha agus seachtracha i gceist in VCE. Déantar measúnú ar an gcéad dá aonad ar scoil. I gcás an dá aonad eile, déantar leibhéal gnóthachtála an scoláire a shuí trí Obair Chúrsa arna Measúnú ar Scoil (SAC) agus measúnú seachtrach (scrúdú ag deireadh na bliana). I gcás SAC, ní mór ceithre thasc measúnaithe a chur i gcrích thar Aonaid 3 agus 4. Is éard atá i gceist leis na tascanna sin fiosrúchán staire; meastóireacht ar fhoinsí stairiúla; freagraí fada; agus aiste. Ní mór tascanna Oibre Cúrsa arna Measúnú ar Scoil a bheith mar chuid den ghnáthchlár teagaisc agus foghlama agus ní mór nach gcuirfidh siad leis an ualach oibre a bhaineann leis an gclár ar bhealach míchuí.

Breathnuithe

Ar fud na gceithre dhlínse, maidir leis na comhthéacsanna polaitíochta, sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha a fhiosraítear sna curaclaim sin, is é is aidhm dóibh feasacht agus scileanna a fhorbairt i measc scoláirí ionas gur féidir leo a mbealach a dhéanamh sa saol ina maireann siad. Déantar an-iarracht sa Nua-Shéalainn agus in Albain feasacht an scoláire ar a oidhreacht chultúrtha féin laistigh d'Impireacht na Breataine a chur chun cinn, chomh maith leis an ngá fiosrú a dhéanamh maidir leis an gcaoi ar idirghníomhaigh siad sin sna sochaithe sin, rud a chuireann le tuiscint na struchtúr sóisialta ina mairimid sa lá atá inniu ann. Tá peirspictíocht níos domhanda ag IB toisc a idirnáisiúnta atá a chlár oideachasúla agus leagann Victoria, bíodh is go bhfuil sé ag

iarraidh stair na hAstráile a fhiosrú, béim mhór ar shochaithe ársa chun ciall a bhaint astu agus iad a thuiscint ina suíomh cultúrtha féin.

Tá samhail lena ngabhann staidéar taighde le fáil i ngach dlínse agus is léir an imní maidir le tionchar IS ghiniúnaigh ó fhorbairt beartas chun dul i ngleic leis na fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa chomhthéacs seo. Tá leibhéal na sainiúlachta éagsúil ar fud na ndlínsí; tá paraiméadair dháta agus chomhthéacs i roinnt dlínsí agus tugtar cumhacht don mhúinteoir i ndlínsí eile chun cúrsaí a cheapadh. I gcodarsnacht le siollabas reatha na hÉireann, tá an stair ársa agus impireachtaí ríoraíocha luatha mar chuid de shonraíochtaí ar an leibhéal seo. Mar gheall ar roinnt na réimsí staidéir i siollabas Stair na hArdteistiméireachta cuirtear bac ar an scoláire staidéar a dhéanamh ar roghanna sna raonta dátaí sin.

Achoimre ar an gcuid seo

- Tá an staidéar ar an stair náisiúnta le fáil ar fud na ndlínsí ar a ndearnadh scrúdú, ach ní croí-chomhpháirt í i gcónaí.
- Is aidhm chomónta forbairt scileanna taighde agus litearthachta stairiúla.
- Tá an-éagsúlacht le fáil i measc na mbealaí a ndéantar cur síos ar chúrsa agus a leagtar amach cúrsa. Tairgtear topaicí téamacha i roinnt dlínsí, topaicí a chumhdaíonn limistéir gheografacha nó raonta dátaí, agus díritear i ndlínsí eile ar leagan amach cróineolaíoch na n-imeachtaí a bhfuil staidéar le déanamh orthu. I roinnt dlínsí, ní leagtar amach aon inneachar ach déantar foráil leis na torthaí foghlama maidir le neamhspleáchas an mhúinteora imeachtaí nó téamaí atá ábhartha dá scoláirí a roghnú.
- Agus cur síos á dhéanamh ar na limistéir agus na raonta dátaí ar féidir staidéar a dhéanamh orthu, déanann formhór na ndlínsí foráil maidir le raon níos mó dátaí agus níos mó solúbthachta ná mar atá ar fáil i siollabas Stair na hArdteistiméireachta.
- Is gnách go mbíonn an fócas geografach ar staidéar staire níos leithne i ndlínsí lasmuigh den Eoraip.
- Leagtar béim níos mó i roinnt mhaith dlínsí ar chuimsiú peirspictíochtaí éagsúla agus guthanna na ndaoine siúd a ndearnadh gannionadaíocht orthu roimhe seo sa díoscúrsa staire.
- Is minic a áirítear sa mheasúnú staidéar taighde chun scileanna taighde a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Is minic a áirítear i scrúduithe plé le cáipéisí agus foinsí mar bhealach chun measúnú a dhéanamh ar scileanna an staraí. Tá leagtha amach i roinnt mhaith dlínsí critéir maidir le fíorú agus fíordheimhniú oibre de thoradh forbairtí IS.

5. Ceisteanna a bhfuil machnamh le déanamh orthu

Leagtar amach roinnt ceisteanna sa chuid seo a bhfuil machnamh le déanamh orthu maidir le hathfhorbairt Stair na hArdteistiméireachta. Tagann siad seo chun cinn ó nádúr an ábhair é féin, chomh maith le húsáid a bhaint as téamaí a thagann chun cinn ó na codanna roimhe seo sa cháipéis eolais seo.

Scóip agus struchtúr

Ba cheart raon agus struchtúr an chúrsa a chur san áireamh agus Stair na hArdteistiméireachta á hathfhorbairt. Tá an cúrsa reatha roinnte ina dhá réimse staidéir ar leithligh a dhíríonn ar ré na nua-aoise luaithe agus ré na nua-aoise déanaí. Ní fhéadfaidh an scoláire a dhéanann staidéar ar ré na nua-aoise luaithe staidéar a dhéanamh ar thopaicí ó ré na nua-aoise déanaí, agus *vice versa*. Déanann thart ar 0.3% den líon iomlán scoláirí staire staidéar ar ré na nua-aoise luaithe. Taispeánann forléargas ar na topaicí ar féidir staidéar a dhéanamh orthu i ndlínsí eile raon paraiméadar dáta agus geografach atá níos leithne ná na cinn atá ar fáil i gcás na hArdteistiméireachta. Luaigh scoláirí sna comhairliúcháin scoile a rinneadh agus an páipéar seo á fhorbairt eapsa limistéir gheografacha áirithe amhail an Afraic, an Áise agus an Meánoirthear sa raon topaicí atá ar fáil le staidéar a dhéanamh orthu. Mar sin féin, ní mór a lua freisin, cé go bhfuil 12 thopaic ar fáil i ngach réimse staidéir, mar a luaitear i dTuarascáil an Phríomhscrúdaitheora (CSS, 2017), pléann formhór na scoláirí leis na ceithre thopaic chéanna.

I measc na n-údar machnaimh maidir leis an athfhorbairt tá:

- An chaoi le réim leathan na staire a chuimsiú ar bhealach níos mó chun cur le rogha agus solúbthacht níos mó sa réimse topaicí a bhíonn ar fáil don scoláire.
- An chaoi le raon an chúrsa staidéir a shainiú chun fairsinge agus doimhneacht a chinntiú gan ró-ualach a chruthú maidir leis an méid réalaióch a d'fhéadfaí a chumhdach laistigh de 180 uair an chloig.
- An chaoi le sonraíocht bunaithe ar thorthaí foghlama a leagan amach agus treoir a thabhairt don mhúinteoir agus don scoláire san am céanna.
- Ar cheart cuimhneamh ar chur chuige cróineolaíoch nó téamach?
- Cá háit ar cheart leathnú an chúrsa a stopadh? Nó ar cheart cur chuige rollach (cosúil leis an gceann a úsáidtear chun ábhair a chur i gcartlann) a úsáid?
- An chaoi le cothromaíocht a bhaint amach idir peirspictíochtaí áitiúla agus peirspictíochtaí náisiúnta agus domhanda maidir leis an stair.

Tuiscint choincheapúil ar dhisciplín na staire a fhorbairt

Bhíothas dearfach nuair a cuireadh an Staidéar Taighde agus an Staidéar Bunaithe ar Cháipéisí le siollabas Stair na hArdteistiméireachta in 2003. Maidir leis an mbéim ar bheith ag obair le fianaise a bhí mar bhonn faoi na gnéithe sin, cuireadh chun cinn leis sin forbairt scileanna taighde agus smaointeoireachta criticiúla, agus aithníodh saothar an scoláire sa mhionstaidéar staire. Léiríodh leis na scileanna sin feacht an scoláire ar na príomhchoincheapa atá mar bhonn faoi staidéar staire críochnúil, amhail léirthuiscint a bheith aige do neamhbhuaine breithiúnas staire, iarracht a dhéanamh a bheith oibiachtúil agus anailís á déanamh, saincheisteanna staire a fhiosrú, go háirithe

cinn achrannacha, ó pheirspictíochtaí difriúla, scrúdú a dhéanamh ar thábhacht feiniméan stairiúil, agus bheith oscailte do bhreithiúnais a leasú dá dtiocfadh fianaise nua chun solais. Chomhlánódh tuilleadh leathnaithe ar na deiseanna, chun na scileanna agus an tuiscint choincheapúil sin a fhorbairt, fócas athfhorbartha na sraithe sinsearaí ar fhorbairt príomhinniúlachtaí. Meastar gur scileanna tábhachtacha inaistrithe sa tsochaí chomhaimseartha iad na scileanna a fhorbraítear nuair a dhéantar anailís ar eolas, nuair a fhiosraítear foinsí, nuair a chuirtear peirspictíochtaí i gcomparáid le chéile agus nuair a dhéantar barántúlacht foinsí a mheas. Is scileanna criticiúla iad faisnéis, mífhaisnéis agus bréagaisnéis a shainithint agus claonadh, bolscaireacht agus mí-ionramháil fianaise a aithint de réir mar a ullmhaíonn an scoláire le dul isteach sa saol tar éis na hArdteistiméireachta.

I measc na n-údar machnaimh maidir leis an athfhorbairt tá:

- An chaoi le tuiscint choincheapúil, forbairt scileanna, agus modheolaíochtaí taighde agus scileanna smaointeoireachta criticiúla go háirithe, a chuimsiú sa tsonraíocht fhoriomláin ar bhealach seasmhach praiticiúil.
- An chaoi lena chinntiú go gcuirtear a dhóthain ama agus spáis ar fáil chun na scileanna sin a fhorbairt.
- An chaoi lena chur ar chumas múinteoirí agus scoláirí rochtain a fháil ar shaoráidí agus acmhainní a chabhródh leo na scileanna sin a fhorbairt.

Eispéiris stairiúla daoine éagsúla ó pheirspictíochtaí éagsúla a léiriú

San fhorléargas ar na dlínsí idirnáisiúnta, léiríodh go soiléir an raon leathan den mhéid a d'fhéadfaí a chlúdach faoi réimse an chúrsa staidéir seo. Luaigh na múinteoirí agus na scoláirí a ndeachthas i gcomhairle leo ar an gcéim sin den phróiseas forbartha an fheasacht a bhí acu ar ghuthanna agus peirspictíochtaí na ndaoine a bhí ar iarraidh ón stair a raibh staidéar déanta acu roimhe. Mar gheall ar fhorbairtí ar an oideachas staire agus staireolaíocht, i dteannta níos mó rochtana fós ar fhoinsí cartlainne agus teicneolaíochtaí nua, tá taighde déanta ar eispéiris daoine ón am atá caite ó roinnt mhaith peirspictíochtaí difriúla, agus trí phríomáil éagsúla, amhail inscne, aicme, féiniúlacht eitneach nó aoisghrúpa. Cuireann éagsúlacht mhéadaitheach an tseomra ranga i dtábhacht aonchineálacht an ábhair a chuirtear os comhair an scoláire faoi láthair. Is dúshlán é claonadh neamh-chomhfhiosach nach mór aghaidh a thabhairt air in athfhorbairt an ábhair seo. I measc na n-údar machnaimh maidir leis an athfhorbairt tá:

- An chaoi le peirspictíochtaí agus guthanna na ndaoine siúd a fágadh ar lár ó chúrsaí staidéir a chuimsiú, go háirithe iad siúd ó phobail imeallaithe agus gannionadaíocht eispéiris na mban sa stair.
- An chaoi leis na guthanna sin a chuimsiú gan cur i gcéill a bheith i gceist.

Cothromas rochtana a chinntiú

Cuireadh inní maidir le comhionannas in iúl i ngach cuairt ar scoil. Cumhdaíodh faoi cheist an chomhionannais rudaí éagsúla idir rochtain ar an teicneolaíocht atá riachtanach chun taighde a dhéanamh agus oibleagáidí TST a chomhlíonadh, agus rochtain a fháil ar leabhair agus stóir ábhar stairiúil nó cartlainne. Ba léir go ndéanann múinteoirí tréaniarracht réimse leathan ábhar a chur ar fáil dá ranganna chun iniúchadh a dhéanamh agus chun beocht a chur sa stair sa seomra ranga. Ní

mór cuimhneamh ar an mbaol a bhaineann leis an éagothromas a mhéadú agus athfhorbairt á déanamh.

I measc na n-impleachtaí ar cheart cuimhneamh orthu agus stair á hathfhorbairt tá:

- Conas a chabhraíonn digitiú méadaitheach foinsí stairiúla leis an scoláire rochtain a fháil ar ábhair?
- An féidir leis sin an t-éagothromas a mhothaíonn an scoláire a dhéanamh níos measa?
- An féidir éagothroime rochtana ar ábhair, acmhainní agus teicneolaíocht a mhaolú agus an tsonraíocht á ceapadh?

Measúnú

Bhí na daoine siúd a bhí páirteach sa chomhairliúchán scoile dearfach faoin measúnú dhá mhodh (TST agus an scrúdú scríofa). Luadh go soláthraítear le TST bealach don scoláire fianaise ar a chuid foghlama agus forbartha scileanna a léiriú ar bhealach nach ndéanfaí sa scrúdú ceann cúrsa. Luadh freisin go ligtear leis an rogha oscailte téama don staidéar taighde (laistigh de pharaiméadair áirithe) don scoláire a réimsí spéise féin a leanúint agus iniúchadh a dhéanamh orthu. Measadh, toisc gur gá na réimsí staidéir sin a chosaint agus a shainiú agus na foinsí a úsáidtear a mheas, go dtacaítear leis an scoláire le roinnt scileanna bunúsacha maidir le fiosrú stairiúil. Is cosúil go n-oirfeadh tuilleadh leathnaithe nó athfhorbartha i ndáil leis an modh measúnaithe sin d'aidhmeanna an ábhair. Maidir le roinnt gnéithe den mheasúnú scríofa ceann cúrsa, amhail plé le cáipéisí agus bunfhoinsí mar chuid den Cheist Bunaithe ar Cháipéisí, léirítear leo aidhmeanna an chúrsa i ndáil le forbairt scileanna taighde. Tá múinteoirí agus scoláirí fós ag ceistiú an gá freagraí fada a scríobh faoi bhrú ama i dtimpeallacht a bhfuil cuid mór i ngeall léi.

I measc roinnt de na húdair mhachnaimh maidir leis an athfhorbairt tá:

- An chaoi leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB) a leagan amach chun é a chur ar chumas an scoláire fianaise ar a chuid foghlama a léiriú fad a mhaolaítear tionchar méadaithe na hIntleachta Saorga.
- An chaoi leis an tsonraíocht a leagan amach chun foráil a dhéanamh maidir leis an gcionroinnt íosta 40% a shanntar do CMB.
- An chaoi le comhairle a thabhairt maidir le socruithe measúnaithe a dhéanann foráil maidir le measúnú ar thorthaí foghlama laistigh de na srianta ama a bhaineann le scrúdú scríofa.

Achoimre ar an gCuid seo

Ba cheart cuimhneamh ar an méid seo a leanas agus Stair na hArdteistiméireachta á hathfhorbairt:

- An chaoi le raon agus struchtúr na sonraíochta nua a shainiú chun foráil a dhéanamh maidir le rogha agus solúbthacht ar fud réimse paraiméadair dháta agus suíomhanna geografacha ar bhealach atá comhleanúnach agus ailínithe le prionsabail staire stuama
- An chaoi le forbairt scileanna an staraí a chuimsiú ar bhealach a chomhtháthófar an fhoghlaim ar fud an chúrsa agus a ligfidh don scoláire an tuiscint choincheapúil agus dhisciplíneach riachtanach a fháil

- An chaoi a n-aithneoidh agus a bhforbróidh an tsonraíocht nua tuiscint staire a aithníonn an éagsúlacht, léiriú peirspictíochtaí iomadúla agus ionchuimsiú
- An chaoi le socruithe measúnaithe reatha a fhorbairt agus tabhairt isteach CMB a chuimsiú ar bhealach atá comhleanúnach agus a ligeann don scoláire fianaise ar a chuid foghlama a léiriú ar bhealach atá bailí agus iontaofa

6. Treoir don athbhreithniú ar Stair na hArdteistiméireachta

Bhunaigh CNCM meitheal forbartha chun tabhairt faoin tasc le sonraíocht churaclaim a fhorbairt do Stair na hArdteistiméireachta. I dtéarmaí ginearálta, aontaíonn Bord CNCM don tSraith Shinsearach agus faomhann an Chomhairle obair na Meithle Forbartha i bhfoirm na treorach a leagtar amach thíos.

Dearadh an treoir seo chun an bonn a sholáthar chun Stair na hArdteistiméireachta a athfhorbairt. Cé go n-eascaíonn an treoir ón bpríomhléargas agus ó na príomh-shaincheistanna atá le meas agus a sainaithníodh sna codanna roimhe seo den pháipéar seo, treoraítear í freisin leis na paraiméadair le haghaidh socruithe measúnaithe a dhearadh i bhforbairt sonraíochtaí d'ábhair uile Thráinse 3 (Aguisín 1).

Beidh an tsonraíocht scoláire-lárnaithe agus beidh sí bunaithe ar thorthaí agus go ginearálta, ba cheart go mbeadh an tsonraíocht ailínithe go leathan le Leibhéal 4 agus 5 den Chreat Náisiúnta Cálíochtaí. Beidh sí ar fáil ar Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal araon, agus dearfar í chun í a theagasc agus a mheasúnú in 180 uair an chloig ar a laghad.

Beidh an tsonraíocht ailínithe leis an teimpléad, atá comhaontaithe ag an gComhairle, le haghaidh sonraíochtaí curaclaim mar a leagtar amach in Foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim d'ábhair agus modúil i sraith shinsearach athfhorbartha (CNCM, 2023). Beidh Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí leabaithe sna torthaí foghlama.

Cuirfear an tsonraíocht i gcrích sa dara ráithe de 2026.

Le bheith níos sonraí, tabharfaidh forbairt na sonraíochta nua i gcomhair na Staire aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas:

- An chaoi a bhfuil an tsonraíocht ailínithe le treoirphrionsabail agus le fíis oideachas na sraithe sinsearaí.
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacú le leanúnachas agus dul chun cinn, ina measc sin an chaoi le nasc a dhéanamh le foghlaim ghaolmhar, agus cur léi, sa tsraith shóisearach, san Idirbhliain, agus in ábhair agus modúil eile sa tsraith shinsearach, chomh maith le foghlaim amach anseo sa saol, staidéar, fiontraíocht, breisoideachas agus oiliúint, ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna, agus an saol oibre.

- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacú le forbairt Phríomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí agus forbairt scileanna digiteacha a bheidh ábhartha don saol, don obair agus don staidéar amach anseo.
- An réasúnaíocht le haghaidh Stair na hArdteistiméireachta
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht, ina cur i láthair agus ina réim teanga, a bheith dírithe go mór ar an scoláire agus, fócas soiléir a bheith aici ar an gcaoi a bhforbraíonn agus a dtaispeánann an scoláire a chuid eolais staire agus tuisceana coincheapúla
- An chaoi ar féidir feasacht staire agus tuiscint dhisciplíneach an scoláire a chothú
- An chaoi ar féidir tacú leis an scoláire breithiúnais thomhaiste eolacha a dhéanamh ar an am atá caite, agus a dhearthaí a chosaint le tagairtí d'fhianaise
- An chaoi ar féidir an tacaíocht is fearr a thabhairt don scoláire chun tuiscint fhoriomlán eolach a fhorbairt ar scéal leathan an ama atá caite ó thaobh ama agus spáis de
- An chaoi ar féidir é a chur ar chumas an scoláire eispéiris daoine ón am atá caite a fhiosrú ó pheirspictíochtaí difriúla
- An measúnú ar Stair na hArdteistiméireachta atá ailínithe leis na paraiméadair chun socruithe measúnaithe a dhearadh i bhforbairt sonraíochtaí le haghaidh na n-ábhar agus modúl uile i dTráinse 3 (Aguisín 1).
- Mar is féidir le CMB tacú le cumas gníomhúcháin múinteoirí agus scoláirí, ag tairiscint roghanna a thacódh le hionchuimsitheacht an churaclaim agus a chuirfeadh ar chumas scoláirí de chumais éagsúla agus ar leibhéal teanga éagsúla plé ar bhealach fiúntach le tascanna ábhartha, fad a leanann siad orthu ag forbairt a n-inniúlachtaí.
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht, ina cur i láthair, tacú le múinteoirí pleanáil a dhéanamh i gcomhair an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe.
- An chaoi le teicneolaíocht a ghlacadh agus a leabú i dteagasc, foghlaim agus measúnú.

Beidh obair na Meithle Forbartha bunaithe ar an treoir seo ar an gcéad dul síos. Agus an Mheitheal Forbartha i mbun oibre, d'fhéadfaí roinnt de na pointí seo a fhorhíniú agus pointí eile a chur leis an treoir.

Aguisín 1: Paraiméadair uileghabhálacha le haghaidh ceapadh socruithe measúnaithe i bhforbairt na sonraíochtaí do gach ábhar i dTráinse 3.

1. Achoimre feidhmiúcháin

- D'fhógair an tAire Oideachais nuashonrú an 20 Meán Fómhair 2023 maidir leis an gcur chuige atá le glacadh le haghaidh sonraíochtaí ábhair nua agus athbhreithnithe a thabhairt isteach, lena n-áirítear conas a thabharfaí aghaidh ar mheasúnú sna sonraíochtaí sin. Go sonrach, beidh comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis ag gach ábhar i dteannta an scrúdaithe scríofa deiridh.
- Is fiú 40% ar a laghad de na marcanna iomlána atá ar fáil an chomhpháirt mheasúnaithe (CMB) sin.
- Aon scrúdú scríofa amháin a bheidh ag gach ábhar; go tipiciúil, beidh na marcanna don scrúdú scríofa cothrom le 60%.
- Go tipiciúil, ba cheart dhá chomhpháirt mheasúnaithe a bheith ann: Scrúdú scríofa amháin agus comhpháirt mheasúnaithe amháin eile (CMB).
- Is féidir go mbeidh údar le níos mó ná CMB nó scrúdú scríofa amháin i gcásanna eisceachtúla agus tar éis an t-ualach measúnaithe foriomlán ar an scoláire a mheas go fada fairsing. Mar sin féin, bheadh eisceacht den sórt sin bunaithe ar fhianaise láidir shoiléir go bhfuil an dara CMB nó an dara scrúdpháipéar sa scrúdú deiridh riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim an scoláire, rud nach féidir a bhaint amach trí CMB amháin agus scrúdpháipéar scríofa amháin.

2. Réamhrá

Tugtar breac-chuntas sa cháipéis seo ar na socrúithe agus paraiméadair mheasúnaithe uileghabhálacha a threoraíonn ceapadh na sonraíochtaí le haghaidh gach ábhair i dTráinse 3, ina measc:

- Eolaíocht Talmhaíochta
- Ríomheolaíocht
- Grafaic Dhearthra agus Chumarsáide
- Stair
- Eacnamaíocht Bhaile
- Matamaitic
- Ceol
- Fisic agus Ceimic.

Cuirtear bonn eolais faoin gcomhairle sin leis an obair leanúnach leis na hábhair i dTráinse 1 agus 2 agus leasófar í, de réir mar is cuí, i gcás tráinsí amach anseo lena bhféadfar a réimsí ábhair agus na socrúithe measúnaithe atá ann faoi láthair a chur san áireamh.

Is léiriú ar an treo beartais a d'eisigh an tAire Oideachais iad na socrúithe atá leagtha amach anseo: go mbeidh comhpháirt mheasúnaithe ann le haghaidh gach ábhair, go mbeidh sí i bhfoirm nach scrúdú scríofa traidisiúnta í, go ndéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit na comhpháirteanna sin a leagan amach agus a mheasúnú, agus ar an gcaoi sin go mbeidh béim níos lú ar scrúduithe deiridh i mí an Mheithimh sa 6ú bliain.

Go sonrach, tá na socrúithe do na comhpháirteanna measúnaithe uile ar a dtugtar breac-chuntas sa cháipéis seo leagtha amach ar bhonn na bhfógraí ón Aire an 29 Márta 2022, agus ina dhiaidh sin an 20 Meán Fómhair 2023. Agus na tuiscintí seo a leanas mar bhonn taca leis na comhpháirteanna measúnaithe:

- ní bheidh siad i bhfoirm scrúduithe scríofa traidisiúnta.
- is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh na comhpháirteanna measúnaithe a leagan amach agus a mharcáil.
- beidh siad faoi réir shocrúithe CSS chun iad a chur i gcrích, a dheimhniú agus a chur isteach.

Agus na socrúithe ar a dtugtar breac-chuntas thíos á bhforbairt, is amhlaidh atá an bunús seo a leanas lárnach chun dul i dtreo comhpháirt mheasúnaithe eile a bheith ag na hábhair uile. Cuirtear bonn eolais faoin mbunús sin le plé ar thaighde atá coimisiúnaithe ag CNCM agus CSS, agus ar an litríocht mheasúnaithe go ginearálta. Ón obair seo, is léir go bhféadfaí an méid seo a leanas a dhéanamh leis na comhpháirteanna sin:

- **Spleáchas a laghdú** ar scrúduithe suimitheacha scríofa agus mar sin foráil a dhéanamh do **chóras measúnaithe níos leithne**; tá ról tábhachtach ag scrúduithe scríofa ach is féidir a mheas gur 'léargas' ar fhoghlaim atá iontu agus go bhféadfaí an iomad béime a chur ar ullmhú do scrúdaithe sa teagasc agus san fhoghlaim mar thoradh; le foirmeacha eile measúnaithe is féidir an fhéidearthacht chun an cúngú sin ar fhoghlaim a mhaolú trí ghnéithe d'fhoghlaim an scoláire a mheasúnú ar bhealach níos fearr agus/nó níos cuimsithí ná mar is féidir a dhéanamh le scrúduithe scríofa iontu féin; nó measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim nach bhfuil inmheasúnaithe go héasca trí scrúduithe scríofa.
- Tacú le tuiscint agus measúnú múinteoirí ar **phríomhinniúlachtaí**, agus an méid sin a fheabhsú, ach cuidiú le tuiscint níos fearr ar conas a dhéantar measúnú ar eolas, scileanna, luachanna agus meonta an scoláire.

- Deiseanna a chur ar fáil don scoláire agus do mhúinteoirí chun **machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim an scoláire**, borradh a chur faoi spreagadh foghlama an scoláire agus deiseanna maidir le cleachtais aiseolais fhoirmithigh a fheabhsú.
- Raon agus ilchineálacht na ndeiseanna measúnaithe a shíneadh; lena n-áirítear an **t-ualach measúnaithe a scaipeadh** i gcaitheamh an dá bhliain dheireanacha den tsraith shinsearach agus dá réir sin cabhrú leis an mbrú a bhíonn ar an scoláire a laghdú nó a leathadh.
- **Scileanna agus inniúlacht measúnaithe na múinteoirí** a chothú agus a fhorbairt de réir mar a thacaíonn múinteoirí leis an scoláire agus é ag obair trí na gníomhaíochtaí measúnaithe a shonraítear i dtreoracha measúnaithe nó treoirlínte.
- Sonraí measúnaithe scoláirí a ghiniúint lena féidir leochaileacht an chórais a laghdú i leith suaitheadh amach anseo ar an gcóras nach bhfacthas riamh cheana nó nach raibh coinne leis amhail COVID.
- Foráil a dhéanamh maidir le deiseanna measúnaithe atá níos **barántúla** ná córas a bhraitheann ar scrúduithe scríofa deiridh agus sin amháin.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go léirítear freisin le hathbhreithniú ar an litríocht mheasúnaithe ar bhealach níos ginearálta, nuair a thabharfar isteach comhpháirteanna measúnaithe eile nach mór breithniú ar conas rioscaí a mhaolú, mar shampla:

- rómheasúnú ar an scoláire
- róchleachtadh ar mheasúnuithe
- measúnuithe ina bhfuil an iomarca struchtúir, ranna, athdhéanta agus gnáthaimh.

Mar is amhlaidh cheana i gcás ina bhfuil feidhm ag foirmeacha eile measúnaithe, beidh na socruithe measúnaithe nua faoi threoir phrionsabail uileghabhálacha an chothromais, na cothroime agus an ionracais.

Ina theannta sin, ar leibhéal na gclár uile (.i. agus na hábhair agus na modúil uile a chuirtear i bhfeidhm i scoileanna á gcur san áireamh), is gá aird a thabhairt ar an ualach measúnaithe iomlán a bhíonn ar an scoláire go príomha, agus ar scoileanna ar bhonn níos ginearálta freisin. Cé gur féidir a bheith ag súil leis go bhféadfadh SDGanna díriú ar an gcur chuige chun measúnú a dhéanamh ina n-ábhar féin ar dtús, moltar dóibh a bheith airdeallach ar an ualach measúnaithe foriomlán ar fud na n-ábhar agus na modúil uile. Ar na breithnithe sin ar leibhéal na gclár uile, áireofar freisin na modhanna measúnaithe a bhíonn in úsáid. Mar a luaitear thuas, is féidir go mbeidh údar le níos mó ná CMB nó scrúdú scríofa amháin i gcásanna eisceachtúla agus tugtar breac-chuntas sa chuid seo a leanas ar an bpróiseas le haghaidh na gcásanna sin.

3. Próiseas

Leagtar amach sa chuid seo an próiseas trína ndéanfar breithniú agus cinneadh ar athrú ar na paraiméadair a shainítear sa cháipéis seo; mar shampla, CMB breise nó an dara scrúdú scríofa deiridh.

1. Tar éis do SDG cuid mhór plé a dhéanamh agus tar éis réimse roghanna a fhiosrú le haghaidh CMB oiriúnach aonair/scrúdú scríofa aonair don ábhar, gineann Feidhmeannas CNCM nóta scríofa ina leagtar amach an cás láidir, soiléir atá á dhéanamh ag an Meitheal Forbartha.
2. Aontaíonn an Mheitheal Forbartha an cás scríofa agus cuireann siad a n-ainmneacha leis.
3. Pléitear an cás scríofa leis an mBord don tSraith Shinsearach.

4. Pléitear an cás scríofa leis an gComhairle. De bhun an phlé sin, cinneann an Chomhairle cé acu is ceart nó nach ceart an cás a chur ar aghaidh chuig an Roinn.
 - a. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an ualach measúnaithe ar an scoláire a bhainistiú agus a scaipeadh, má chinneann an Chomhairle nach bhfuil an cás sách láidir chun gur fiú don Roinn machnamh a dhéanamh air, iarrann an Chomhairle ar an Meitheal Forbartha oibriú ar bhonn CMB amháin agus scrúdú scríofa amháin.

NÓ

- b. Tar éis di breithniú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an ualach measúnaithe ar an scoláire a bhainistiú agus a scaipeadh, má chinneann an Chomhairle go bhfuil an cás sách láidir chun gur fiú don Roinn machnamh a dhéanamh air, aontaíonn an Chomhairle an cás a chur ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais.
5. I gcás 4b, seoltar an cás scríofa chuig Oifig Bainistíochta an Chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí (SCRPMO) sa Roinn Oideachais lena bhreithniú agus le haghaidh freagartha.
6. Féadfaidh an Roinn an Grúpa Forfheidhmithe um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí (SCRIG) a thionól chun tacú lena breithniú ar an iarraidh ar athrú. Is struchtúr atá á threorú ag an Roinn é SCRIG a bunaíodh chun maoirseacht agus tacaíocht a sholáthar do chomhordú na hoibre ar fud na bpríomhghníomhaireachtaí/na bpríomheagraíochtaí a rannchuidíonn le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí. Ar a chomhaltaí áirítear oifigigh shinsearacha ón Roinn (an Rannóg Beartas, Churaclam agus Measúnacht, an Chigireacht, Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí [FGM]), CNCM, CSS agus Oide.
7. Cinneann an Roinn tacaíocht a thabhairt nó diúltú don iarraidh ar athrú a lorgaíodh, agus cuireann sí a cinneadh in iúl i scríbhinn do CNCM in am trátha.
8. Déanann an Mheitheal Forbartha Ábhair dul chun cinn maidir lena cuid oibre i gcomhréir le freagra na Comhairle (a eascraíonn as 4a) nó freagra na Roinne (a eascraíonn as 4b agus 7).

4. Amlínte

Beidh am ag teastáil don phróiseas ar a dtugtar breac-chuntas thuas. Maidir leis an am sin, dá mbeadh roinnt seachtainí i gceist, d'fhéadfadh impleachtaí suntasacha a bheith aige ar an amlíne le haghaidh céimeanna sonracha d'obair ar shonraíocht an ábhair agus/nó cur i gcrích foriomlán na sonraíochta sula gcuirtear ar aghaidh chuig an Roinn lena breithniú í. Is féidir go bhfágfaidh an toisc ama sin gur gá do CNCM cruinnithe breise den Bhord don tSraith Shinsearach agus den Chomhairle a eagrú ar líne chun a chinntiú go gcomhlíonfar an obair forbartha laistigh de na hamlínte foriomlána.

Leagtar amach i dTábla 1 thíos na paraiméadair agus na próisis ghinearálta chun obair na meithleacha forbartha ábhair (SDGanna) a threorú de réir mar a dhéanann siad an measúnú is iomchuí do gach ábhar a mheas. Leagtar amach i dTábla 2 na paraiméadair shonracha do gach ábhar i dTráinse 3.

Tábla 1: Paraiméadair agus próisis mheasúnaithe – cur i bhfeidhm ginearálta maidir le hábhair thráinse 3

| Údair Mhachnaimh | Paraiméadair chun obair na meithle forbartha a threorú. |
|------------------|---|
| | |

| | |
|--------------------------------------|--|
| Cineál | <p>Leagfar amach cuspóir agus nádúr na comhpháirte measúnaithe go soiléir sa tsonraíocht ábhair agus sna treoirlínte a théann léi chun tacú le cur i gcrích an mheasúnaithe. Cuirfear mionsonraí ar fáil maidir le cineál na comhpháirte. I measc na samplaí atá ann faoi láthair tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> • tionscadal taighde/aiste fhada • measúnú ó bhéal • measúnú feidhmíochta • measúnú punainne • déantán a chruthú • staidéar allamuigh • turgnamh/ cruthúnas ar choincheap/ iniúchadh praiticiúil. <p>Leis an tsonraíocht ábhair agus na treoirlínte a ghabhann léi cuirfear in iúl go soiléir an méid a éilítear ar an scoláire a dhéanamh, an fhoirm nó na foirmeacha inar féidir é a dhéanamh agus a chur isteach, agus ionchais an ualaigh oibre a bhaineann leis an measúnú. Soláthrófar ailíniú na comhpháirte measúnaithe le sraith torthaí foghlama ó shonraíocht an ábhair, chomh maith le mionsonraí faoi na príomhinniúlachtaí agus na torthaí foghlama bainteacha atá le measúnú. Ní chuirtear bac leis sin ar mheasúnú a dhéanamh ar na torthaí foghlama céanna sa scrúdú deiridh.</p> |
| Ualú | Bronnfar 40% ar a laghad de na marcanna iomlána atá ar fáil ar an gcomhpháirt mheasúnaithe i ngach ábhar. |
| Am | Tabharfaidh SDG comhairle maidir leis an tréimhse a bhfuil gá léi chun an chomhpháirt mheasúnaithe a dhéanamh i gcaitheamh an staidéir. |
| Cur i gCrích agus Cur Isteach | <p>Cé gur féidir le SDG an uair a d'fhéadfadh sin tarlú a mholadh (mar ar tagraíodh dó thuas ag féachaint don ualach measúnaithe ar an scoláire go háirithe), déanfaidh CSS cinneadh deiridh tar éis breithniú a dhéanamh ar an sceideal foriomlán de dhátaí críochnaithe do na measúnuithe uile ar fud na n-ábhar uile. Tabharfaidh CSS an méid sin chun críche tar éis dul i mbun plé le CNCM agus RO.</p> <p>Foilseoidh CSS na dátaí deiridh faoina mbeidh an chomhpháirt mheasúnaithe le críochnú agus/nó le cur isteach ag an scoláire agus ní bheidh na dátaí sin sa tsonraíocht ábhair. (Féach tábla 1 thíos i ndáil leis an Matamaitic freisin)</p> |
| Dearadh | Is éard a bheidh mar thoradh ar fhormhór na gcomhpháirteanna measúnaithe mír chríochnaithe a bhfuil difríocht bhunúsach ann idir í agus scrúdú scríofa traidisiúnta agus ina ndéantar tástáil ar inniúlachtaí difriúla a bheith á dtarchur chuig CSS agus á meas ag CSS. |

| | |
|---------------|---|
| | I gcásanna áirithe, de réir dhearadh an mheasúnaithe, is féidir go mbeidh ar scrúdaitheoirí cuairt a thabhairt ar scoileanna chun an measúnú a dhéanamh ach is gá inbhainistitheacht ar an leibhéal scoile agus córais a bhreithniú. |
| Treoir | Beidh treoirlínte a thacóidh le comhphárteanna measúnaithe sonracha do gach ábhar. Forbróidh an CNCM agus an CSS na treoirlínte sin i gcomhar le chéile. Cuirfear bonn eolais ar fáil dóibh le pléití SDG agus an tsonraíocht á forbairt agus tabharfar mionsonraí iontu maidir leis an méid seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> • cuspóir na comhpháirte lena mbaineann, .i., cad é atá beartaithe a mheasúnú léi. • an cineál comhpháirte/gníomhaíochta measúnaithe atá i gceist. • tuairisceoirí ar chaighdeán i bhfoirm rúibric ghrádaithe agus mionsonraí faoi chaighdeán mheasúnaithe ar ghnáthleibhéal agus ardleibhéal más gá de réir an mhodha measúnaithe. • mionsonraí ar am an mheasúnaithe (fad an mheasúnaithe agus cathain a tharlódh sé). • treoir ar na próisis a fhéadfar a úsáid chun an measúnú a riar. |

Tábla 2: Paraiméadair maidir le socruithe measúnaithe do gach ábhar i dTráinse 3

| Ábhar | Socruithe reatha | Paraiméadair maidir le socruithe measúnaithe nua |
|-------------------------------|--|--|
| Eolaíocht Talmhaíochta | Maireann scrúdú scríofa 2.5 uair an chloig don scoláire ardleibhéil agus gnáthleibhéil agus bronntar 300 den 400 marc atá ar fáil (75%) air. Staidéar Imscrúdaithe Aonair atá san obair chúrsa, rud a dhéantar mar fhreagairt ar threoir chomónta ó CSS agus is fiú 100 marc é (25%). | An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth. An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad. Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir chomónta. |
| Ríomheolaíocht | Is fiú 70% an scrúdú deiridh agus maireann sé 2.5 uair an chloig; bíonn sé ar siúl in aon lá amháin i dtreo dheireadh mhí na Bealtaine. Tá gné pháipéarbhunaithe leis (1.5 uair an chloig; 130 marc) agus gné ríomhaire-bhunaithe ina dhiaidh sin (1 uair an chloig; 80 marc). Is fiú 30% de na marcanna deiridh an obair chúrsa. Eisítear an treoir chomónta i mí na Nollag sa 6ú bliain | An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth. An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad. Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir chomónta. |

| | | |
|---|--|---|
| | <p>de ghnáth agus is iondúil go gcuirtear tuarascáil agus físeán achoimre (90 marc) isteach i mí an Mhárta sa 6ú bliain. Cuirtear an méid sin i gcrích le linn tréimhse 10 seachtaine.</p> <p>Leagtar amach an obair chúrsa agus phraiticiúil ar leibhéal comónta ach déantar iad a ghrádú i gcomhréir leis na caighdeáin a bhaineann leis an leibhéal ag a ndéanann an t-iarrthóir an scrúdú scríofa.</p> <p>Déantar an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal araon.</p> | |
| Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide | <p>Tá páipéar amháin ag an scrúdú scríofa ar fiú 240 marc é, is é sin 60% de na marcanna atá ar fáil. Maireann an páipéar sin 3 uair an chloig ar fad.</p> <p>Scrúdaítear an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.</p> <p>Is fiú 160 marc tasc an scoláire agus seasann sin do 40% de na marcanna atá ar fáil.</p> <p>Bíonn difríocht idir tasc an scoláire ag an ardleibhéal agus tasc an scoláire ag an ngnáthleibhéal, agus leagtar amach treoir dhifriúil do scoláirí AL agus GL. Tá gá le naoi n-aschur i bpunann don dá leibhéal agus tá an teorainn leathanach AL socraithe ag 14 leathanach agus an teorainn leathanach GL socraithe ag 12 leathanach.</p> | <p>An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.</p> <p>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.</p> <p>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.</p> <p>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir chomónta.</p> |
| Stair | <p>Is fiú 80% de na marcanna iomlána atá ar fáil an scrúdú scríofa, agus maireann an scrúdú 2 uair an chloig agus 50 nóiméad ar fad.</p> <p>Tuairisc Staidéir Taighde (TST) atá i gceist leis an obair chúrsa agus sanntar an 20% atá fágtha di. Bíonn</p> | <p>An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.</p> <p>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.</p> <p>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.</p> |

| | | |
|-----------------------------------|---|--|
| | <p>líon focal difriúil ann don scoláire AL agus GL, agus tá an líon focal GL leagtha síos ag 800 focal agus tá an líon focal AL leagtha síos ag 1,600 focal.</p> | <p>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir chomónta.</p> |
| <p>Eacnamaíocht Bhaile</p> | <p>Maireann an scrúdú scríofa 2 uair an chloig agus 30 nóiméad agus is fiú 280 nó 320 marc (as 400 marc) é, ag brath ar an gcúrsa roghnach a roghnaítear.</p> <p>I gcás an scoláire a roghnaíonn na cúrsaí roghnacha Dearadh agus Bainistíocht Tí nó Staidéir Shóisialta, is fiú 80% an scrúdú scríofa agus is fiú 20% an Obair Chúrsa do Staidéar Bia.</p> <p>I gcás an scoláire a roghnaíonn an cúrsa roghnach Teicstílí, Faisean agus Dearadh, is fiú 70% an scrúdú scríofa; is fiú 20% an Obair Chúrsa do Staidéar Bia agus sanntar 10% d'Obair Chúrsa TFD.</p> <p>Tá Obair Chúrsa do Staidéar Bia bunaithe ar cheithre thasc a chuirtear i gcrích faoi thús mhí na Samhna sa 6ú bliain agus a chuirtear faoi bhráid CSS.</p> | <p>An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.</p> <p>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.</p> <p>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.</p> <p>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir chomónta.</p> |
| <p>Matamaitic</p> | <p>Is ann do dhá páipéar scríofa ar fiú cionroinnt iomlán na marcanna iad.</p> <p>Páipéar 1: Maireann an páipéar do AL, GL agus BL 2.5 uair an chloig ar fad.</p> <p>Páipéar 2: Maireann an páipéar AL agus GL 2.5 uair an chloig ar fad.</p> | <p>An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.</p> <p>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.</p> <p>Beidh an scrúdú scríofa leagtha síos ag ardleibhéal agus bonnleibhéal agus bheifí ag súil leis go mbeadh sé i bhfoirm páipéar amháin.</p> <p>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir chomónta. Tá an chomhpháirt mheasúnaithe le cur i gcrích i mBliain 1 den chlár dhá bhliain.</p> |
| <p>Ceol</p> | <p>Is ann do thrí réimse measúnaithe:</p> | <p>An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.</p> |

| | | |
|---------------------------------|---|---|
| | <p>Is fiú 25% an ghné chumadóireachta agus déantar measúnú uirthi le páipéar scríofa a mhaireann 1.5 uair an chloig ar fad.</p> <p>Is fiú 25% an ghné léirithe agus déantar measúnú uirthi le léiriúchán 3 nó 4 phíosa, ag brath ar roghnú formáide léiriúcháin amháin nó péire.</p> <p>Is fiú 25% an ghné éisteachta agus déantar measúnú uirthi le cluas-scrúdú agus páipéar scríofa a mhaireann 1.5 uair an chloig ar fad.</p> <p>An Cúrsa Roghnach AL: Roghnaíonn an scoláire AL ceann amháin de na trí réimse thuas agus socraíonn sé cionroinnt na marcanna a mhéadú chuig 50% trí ghníomhaíocht mheasúnaithe bhreise a áireamh.</p> <p>Don scoláire gnáthleibhéil, déantar a mharc is fearr i réimse amháin as trí réimse a dhúbailt chun cionroinnt marcanna 100% a bhaint amach.</p> | <p>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.</p> <p>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.</p> <p>Beidh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar threoir a eiseoidh CSS.</p> |
| <p>Fisic agus Ceimic</p> | <p>Is fiú cionroinnt marcanna iomlán 400 marc an scrúdú scríofa ag AL agus GL. Páipéar 3 uair an chloig. Cuid 1 Fisic ar fiú 200 marc í. Cuid 2 Ceimic ar fiú 200 marc í.</p> | <p>An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.</p> <p>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.</p> <p>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.</p> <p>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir chomónta.</p> |

Cé nach mór ualú íosta 40% a bheith ag CMB i ngach ábhar; féadfaidh SDG ualú 50% a mholadh. Sna himthosca sin, beidh feidhm ag an bpróiseas ar a dtugtar breac-chuntas thuas i gCuid 3 chun a chinneadh an dtugtar tuilleadh breithnithe ar an ualú sin i dtaobh cé acu a chuirfear nó nach gcuirfear i bhfeidhm é. Ní bheifí ag súil leis go bhféachfadh SDG le hualú a chur i bhfeidhm ar an CMB os cionn an leibhéil sin.

Tagairtí

Chapman A. (Bealtaine 2023) *Ted X Talk* YouTube arna rochtain 2-10-24.

Chapman, A. (2020). 'Learning lessons from the Holocaust: A critical exploration'. In Foster, S., Pearce, A. agus Pettigrew, A. (eag.), *Contemporary challenges and controversies*. 50–73.

Collins, M. agus Stearns, P., (2020). *Why Study History?* Londain: London Publishing Partnership.

Counsell, Christine (2011). 'Disciplinary knowledge for all: the secondary school curriculum and history teachers' achievement', *The Curriculum Journal*, 22.

An Roinn Oideachais (2022). *Cothromas agus Sármhaitheas do Chách*. Preaseisiúint ón Aire. Ar fáil ó: <https://www.gov.ie/ga/preasraitis/fograionn-an-taire-foley-plean-le-haghaidh-athchoiriu-oideachas-na-sraithe-sinsearai-cothromas-agus-sarmhaitheas-do-chach/>

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE) (2003). *Siollabas Staire na hArdteistiméireachta*. Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2017). *Stair na Sraithe Sóisearaí*.
https://www.curriculumonline.ie/getmedia/ee7e74ee-959a-42ba-9f6d-0ca534214257/History-Spec_GA.pdf

Harris, R., Burn, K., & Woolley, M., (2014). *The Guided Reader to Teaching and Learning History*.

Howson, J., (2009). 'Potential and pitfalls in teaching 'big pictures' of the past', *Teaching History*, uimh. 136, lgh 24–33.

International Baccalaureate (2019). *History Guide* [ar líne]. Ar fáil: [ib_history_guide_2022.pdf \(ichistory.com\)](#) (arna rochtain an 3 Lúnasa 2024).

International Baccalaureate (IB) (2023a). *Academic Integrity* [ar líne]. Ar fáil: [Academic Integrity - International Baccalaureate® \(ibo.org\)](#) (arna rochtain an 23 Meitheamh 2024).

International Baccalaureate (IB) (2023b). *History* [ar líne]. Ar fáil: [History in the DP - International Baccalaureate® \(ibo.org\)](#) (arna rochtain an 8 Iúil 2024).

International Baccalaureate (IB) (gan dáta). *International Baccalaureate Diploma Programme Subject Brief. Individuals and Societies: History – Higher Level* [ar líne]. Ar fáil: [history-hl-2020-eng.pdf \(ibo.org\)](#) (arna rochtain an 8 Iúil 2024).

International Baccalaureate (IB) (gan dáta). *International Baccalaureate Diploma Programme Subject Brief. Individuals and Societies: History – Standard Level* [ar líne]. Ar fáil: [history-sl-2020-eng.pdf \(ibo.org\)](#) (arna rochtain an 8 Iúil 2024).

International Baccalaureate Organization (2015). *Diploma Programme History. Higher Level and Standard Level: Specimen Paper 2* [ar líne]. Ar fáil: [history-hl-sl-specimen-paper-2-en.pdf \(ibo.org\)](#) (arna rochtain an 9 Iúil 2024).

International Baccalaureate Organization (2015a). *Diploma Programme History. Higher Level and Standard Level: Specimen Paper 2* [ar líne]. Ar fáil: [history-hl-sl-specimen-paper-2-en.pdf \(ibo.org\)](https://ibo.org/history-hl-sl-specimen-paper-2-en.pdf) (arna rochtain an 9 Iúil 2024).

International Baccalaureate Organization (2015b). *Diploma Programme History. Higher Level: Paper 3 – History of Africa and the Middle East* [ar líne]. Ar fáil: [history-hl-paper-3-history-of-africa-and-the-middle-east-en.pdf \(ibo.org\)](https://ibo.org/history-hl-paper-3-history-of-africa-and-the-middle-east-en.pdf) (arna rochtain an 9 Iúil 2024).

International Baccalaureate Organization (2016). *Diploma Programme History. Higher Level and Standard Level Paper 1: Specimen Paper* [ar líne]. Ar fáil: [history-hl-sl-paper-1-en.pdf \(ibo.org\)](https://ibo.org/history-hl-sl-paper-1-en.pdf) (arna rochtain an 9 Iúil 2024).

Lee, P., (2004). 'Walking backwards into tomorrow: historical consciousness and understanding history'. *International Journal of Historical Learning, Teaching and Research* 4 (1).

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. (2022). *Tuarascáil Chomhairleach ar an tSraith Shinsearach*. Ar fáil ó: <https://ncca.ie/ga/acmhainni/athbhreithniú-ar-an-tsraith-shinsearach-tuarascail-chomhairleach/>

New Zealand Ministry of Education (2024). *NCEA Education. Social Sciences: History* [ar líne]. Ar fáil: [History | NCEA \(education.govt.nz\)](https://education.govt.nz/history) (arna rochtain an 13 Iúil 2024).

New Zealand Ministry of Education (gan dáta). *History Learning Matrix: Curriculum Levels 6, 7 and 8* [ar líne]. Ar fáil: [HI Learning Matrix.pdf \(ncea-live-3-storagebucket-53q-assetstorages3bucket-2o21xte0r81u.s3.amazonaws.com\)](https://live-3-storagebucket-2o21xte0r81u.s3.amazonaws.com/assetstorages3bucket-2o21xte0r81u.s3.amazonaws.com) (arna rochtain ar 13 Iúil 2024).

New Zealand Ministry of Education (gan dáta). *Level 3 History Assessment Resources* [ar líne]. Ar fáil: [Level 3 History / History / Social sciences / Resources for internally assessed achievement standards / NCEA on TKI - NCEA](https://education.govt.nz/level-3-history-social-sciences-resources-for-internally-assessed-achievement-standards) (arna rochtain an 13 Iúil 2024).

Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA) (2023). *Assessment Specifications: Level 3 History 2024* [ar líne]. Ar fáil: [91436-spc-2024.pdf \(nzqa.govt.nz\)](https://nzqa.govt.nz/91436-spc-2024.pdf)

Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA) (2024a). *About Digital External Assessment* [ar líne]. Ar fáil: [About digital external assessment :: NZQA](https://nzqa.govt.nz/about-digital-external-assessment) (arna rochtain an 13 Iúil 2024).

Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA) (2024b). *Approved Subjects for University Entrance* [ar líne]. Ar fáil: [University Entrance approved subjects :: NZQA](https://nzqa.govt.nz/university-entrance-approved-subjects) (arna rochtain an 13 Iúil 2024).

Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA) (2024c). *History* [ar líne]. Ar fáil: [History :: NZQA](https://nzqa.govt.nz/history) (arna rochtain an 13 Iúil 2024).

Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA) (2024d). *History Exemplars, Past Exams, Reports and Schedules* [ar líne]. Ar fáil: [History exemplars, past exams, reports and schedules :: NZQA](https://nzqa.govt.nz/history-exemplars-past-exams-reports-and-schedules) (arna rochtain an 13 Iúil 2024).

Nuttall, D. (2021) 'What is the purpose of studying history? Developing students' perspectives on the purposes and value of history education'. *History Education Research Journal*, 18 (1), 89–108.

Rogers, R., (2010). 'The use of frameworks in teaching history'. *Ceardlann chomhdhála, Association for Historical Dialogue and Research, an Niocóis, 22–23 Deireadh Fómhair 2010*.

Rüsen, J., (1989). 'Historical consciousness: narrative structure, moral function, and ontogenetic development', *History and Memory*, 1, uimh.2, 35–60.

Údarás Cáilíochtaí na hAlban (2024b). *Generative Artificial Intelligence (AI) in Assessments* [ar líne]. Ar fáil: [Generative artificial intelligence \(AI\) in assessments - SQA](#) (arna rochtain an 28 Iúil 2024).

Údarás Cáilíochtaí na hAlban (SQA) (2024a). *Advanced Higher History* [ar líne]. Ar fáil: [Advanced Higher History - Course overview and resources - SQA](#) (arna rochtain an 13 Iúil 2024).

Údarás Cáilíochtaí na hAlban (SQA) (2024c). *Higher History* [ar líne]. Ar fáil: [Higher History - Course overview and resources - SQA](#) (arna rochtain an 13 Iúil 2024).

Údarás Cáilíochtaí na hAlban (SQA) (2024d). *National 5 History* [ar líne]. Ar fáil: [National 5 History - Course overview and resources - SQA](#) (arna rochtain an 13 Iúil 2024).

Údarás Cáilíochtaí na hAlban (SQA) (gan dáta). *Past Papers and Marking Instructions: Higher History* [ar líne]. Ar fáil: [SQA - NQ - Past papers and marking instructions](#) (arna rochtain an 13 Iúil 2024).

Shemilt, D., (2009). 'Drinking an ocean and pissing a cupful', in Symcox, L. & Wilschut, A. (eag.), *National Standards: The Problem of the Canon and the Future of Teaching History*.

Údarás Curaclaim agus Measúnachta Victoria (VCAA) (2023). *VCE Administrative Handbook 2024* [ar líne]. Ar fáil: [Pages - VCE Administrative Handbook 2024 \(vcaa.vic.edu.au\)](#) (arna rochtain an 14 Iúil 2024).

Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Victoria (VCAA) (gan dáta). *Examination Specifications, Past Examinations and External Assessment Reports* [ar líne]. Ar fáil: [Examination specifications, past examinations and examination reports \(vcaa.vic.edu.au\)](#) (arna rochtain an 14 Iúil 2024).

Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Victoria (VCAA) (gan dáta). *Using the Victorian Assessment Software System (VASS)* [ar líne]. Ar fáil: [Pages - Using the Victorian Assessment Software System \(VASS\) \(vcaa.vic.edu.au\)](#) (arna rochtain an 14 Iúil 2024).

Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Victoria (VCAA) (gan dáta). *VCE Study Designs* [ar líne]. Ar fáil: [Listing of study designs \(vcaa.vic.edu.au\)](#) (arna rochtain an 14 Iúil 2024).

Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Victoria (VCAA) (gan dáta). *VCE Study Designs: History* [ar líne]. Ar fáil: [Pages - History \(vcaa.vic.edu.au\)](#) (arna rochtain an 14 Iúil 2024).

Wilschut, A. (2019). Historical consciousness of time and its societal uses. *The Journal of Curriculum*.

Wineburg, S., (2018). 'Why Learn History (When It's Already On Your Phone)'.



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curacláim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment